

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2299 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Samhain 2022

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an struchtúr, an fhormáid, na sonraí teicniúla agus an próiseas le haghaidh na dtuarascálacha comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE, agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, go háirithe Airteagal 17(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2018/1999, ceanglaítear ar na Ballstáit pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide a chur faoi bhráid an Choimisiúin lena gcumhdaítear tréimhse 10 mbliana agus ceanglaítear orthu cur chuige dhá chéim a úsáid trí chuspóirí, spriocanna agus rannchuidithe náisiúnta a leagan amach le haghaidh na cúig ghné den Aontas Fuinnimh ar an gcéad dul síos agus trí phleanáil na mbeartas agus na mbearta ábhartha chun iad a bhaint amach ar an dara dul síos. Ceanglaíodh ar na Ballstáit a gcéad phleananna críochnaitheacha comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide le haghaidh na tréimhse 2021-2030 a chur isteach faoin 31 Nollaig 2019.
- (2) De bhun Airteagal 17(1) de Rialachán (AE) 2018/1999, tá gach Ballstát le tuairisciú don Choimisiún gach 2 bhliain maidir le stádas chur chun feidhme a phleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide trí bhithin tuarascáil chomhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn lena gcumhdófar gach ceann de na cúig ghné den Aontas Fuinnimh.
- (3) Is príomhfhoinsé iad na tuarascálacha débhlíantúla sin le haghaidh an mheasúnaithe a dhéanann an Coimisiún faoi Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2018/1999 ar an dul chun cinn a dhéantar ar leibhéal an Aontais i dtreo spriocanna agus chuspóirí an Aontais Fuinnimh agus ar an dul chun cinn a dhéanann gach Ballstát freisin i dtreo a chuspóirí, a spriocanna agus a rannchuidithe a bhaint amach agus maidir leis na bearta agus na bearta a leagtar amach ina phleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide a chur chun feidhme.
- (4) De bhun Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1999, tá na Ballstáit le pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide atá cothrom le dáta a chur isteach gach 10 mbliana, ag meántearma chur chun feidhme a bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide. Le haghaidh na tréimhse 2021-2030, tá na Ballstáit le dréachtphleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide atá cothrom le dáta a chur isteach faoin 30 Meitheamh 2023 agus tá na pleananna críochnaitheacha le cur isteach faoin 30 Meitheamh 2024.

⁽¹⁾ IO L 328, 21.12.2018, lch. 1.

- (5) Leis an struchtúr, an fhormaid, na sonraí teicniúla agus an próiseas le haghaidh na dtuarascálacha débhlantúla ar dhul chun cinn a leagtar amach leis an Rialachán seo, ba cheart tuairisciú iomlán ar bhealach struchtúrtha a áirithiú, trí na gnéithe a leagtar amach sa Rialachán seo le haghaidh pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide agus an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 17 agus in Airteagail 20 go 25 de Rialachán (AE) 2018/1999 a léiriú, agus ualach riaracháin nach gá á sheachaint an tráth céanna.
- (6) Ceanglaítear ar na Ballstáit tuairisciú ar an dul chun cinn a dhéantar a mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis shainordaitheach a áirítear ina bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide, agus aon díolmhú nó aon mhaolú a dheonaítear faoi Airteagal 5(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ^(*) á chur san áireamh. Ceanglaítear orthu freisin tuairisciú ar an dul chun cinn a dhéantar a mhéid a bhaineann le faisnéis má áirítear na cuspóirí, na spriocanna agus na rannchuidithe ábhartha náisiúnta, agus na beartais agus na bearta, ina bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide. Toisc go bhféadfadh sé nach mbeadh an bailiú sonraí curtha i gcrích tráth na chéad tuairiscithe faoin 15 Márta 2023, agus gach 2 bhliain ina dhiaidh sin, níor cheart faisnéis áirithe a thuairisciú ach amháin má tá sí ar fáil tráth an tuairiscithe. Ba cheart na Ballstáit a bheith in ann faisnéis dheonach a sholáthar chun na gnéithe sainordaitheacha a fhorlíonadh.
- (7) Ba cheart do na Ballstáit tuairisciú ar leithligh ar an dul chun cinn a dhéantar i dtreo na gcuspóirí, na spriocanna agus na rannchuidithe náisiúnta i leith na gcúig ghné den Aontas Fuinnimh.
- (8) Mar gheall ar na hidirghaolta idir na gnéithe uile den Aontas Fuinnimh, d'fhéadfadh sé go mbeadh beartais agus bearta ábhartha do níos mó ná ceann amháin de na cuspóirí, de na spriocanna agus de na rannchuidithe náisiúnta a leagtar amach sna pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide. Chun an chomhsheasmhacht a áirithiú, agus na Ballstáit ag tuairisciú ar mhaoiniú agus ar chur chun feidhme na mbeartais agus na mbeart sin agus ar thionchar cainníochtúil na mbeartais agus na mbeart sin ar cháilíocht an aeir agus ar astaíochtaí truailléan aeir, ba cheart dóibh tuairisciú ar na beartais agus ar na bearta aonair nó ar ghrúpaí beartais agus beart de réir mar is iomchuí.
- (9) I gcomhréir le hábhar na bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1999, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit faisnéis ábhartha eile a áirítear ina bpleananna náisiúnta a thuairisciú, faisnéis maidir leis an bhfuinneamh in-athnuaite agus maidir leis an éifeachtúlacht fuinnimh.
- (10) De bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2018/1999, tá na Ballstáit le tuarascálacha comhtháite a chur faoi bhráid an Choimisiúin ar bheartais agus ar bhearta maidir le gáis ceaptha teasa agus ar réamh-mheastacháin faoin 15 Márta 2021 agus gach 2 bhliain ina dhiaidh sin. Trí na tuarascálacha sin a chur isteach, comhlíonfaidh na Ballstáit an oibleagáid ábhartha faoi Airteagal 17(3) de Rialachán (AE) 2018/1999. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit tuairisciú ar an dul chun cinn a dhéantar maidir leis na beartais agus na bearta sin a mhaoiniú agus i gcás inar féidir, ba cheart dóibh tionchar na mbeartais agus na mbeart sin ar cháilíocht an aeir agus ar astaíochtaí truailléan aeir a chainníochtú.
- (11) De bhun Airteagal 26(3) de Rialachán (AE) 2018/1999, ceanglaítear ar na Ballstáit na sonraí deiridh maidir leis an bhfardal gás ceaptha teasa a thuairisciú don Choimisiún in éineacht leis na tuarascálacha ar an bhfardal náisiúnta faoin 15 Márta 2023 agus gach bliain ina dhiaidh sin. Trí na sonraí deiridh maidir leis an bhfardal gás ceaptha teasa a chur isteach in éineacht leis na tuarascálacha ar an bhfardal náisiúnta, roimh an dáta tuairiscithe lena mbaineann, comhlíonann na Ballstáit an oibleagáid ábhartha faoi Airteagal 17(3) de Rialachán (AE) 2018/1999. Na tuarascálacha críochnaitheacha a chuirtear isteach faoi bhun Airteagal 26(3) de Rialachán (AE) 2018/1999, breithnítear iad chun tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéantar i dtreo na cuspóirí maidir le maolú ar an aeráid a bhaint amach agus cuirtear san áireamh torthaí na seiceálacha tosaigh dá dtagraítear in Airteagal 37(4) de Rialachán (AE) 2018/1999.
- (12) Ba cheart do na Ballstáit a dtuarascálacha a chur isteach trí ionad ilfhreastail an Choimisiúin trí na córais tuairiscithe ábhartha nasctha a bunaíodh faoin ríomhardán dá dtagraítear in Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2018/1999.
- (13) Chun éifeachtúlacht an tuairiscithe ó na Ballstáit a neartú, líonfaidh an Coimisiún isteach roimh ré faisnéis a thuairiscítear trí shruthanna eile tuairiscithe atá ann cheana i réimse an fhuinnimh, agus go háirithe de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008, agus déanfaidh an Coimisiún sin a mhéid agus is féidir ar bhonn na sonraí atá ar fáil chun críocha na dtuarascálacha comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn.
- (14) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste maidir leis an Aontas Fuinnimh,

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2008 maidir le staidreamh i dtaca le fuinneamh (IO L 304, 14.11.2008, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁIN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

Sainmhínte

Airteagal 1

Sainmhínte

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (1) ciallaíonn “sainordaitheach más infheidhme” na catagóirí faisnéise seo a leanas is gá do na Ballstáit a chur isteach:
 - (a) faisnéis faoi na cuspóirí, na spriocanna agus na rannchuidithe náisiúnta nó faoi na beartais agus na bearta náisiúnta, i gcás inar leag na Ballstáit amach iad nó inar ghlac na Ballstáit iad,
 - (b) faisnéis faoin gcaoi a dtugann na Ballstáit aghaidh ar mholadh a eisítear de bhun Airteagal 32(1) nó (2) de Rialachán (AE) 2018/1999 ach amháin i gcás inar eisigh an Coimisiún é,
- (2) ciallaíonn “sainordaitheach más ann di” catagóirí faisnéise nach gá do na Ballstáit a chur isteach ach amháin má tá an fhaisnéis sin ar fáil dóibh tráth a chuireann siad isteach an tuarascáil dhébhlíantúil ar dhul chun cinn.

CAIBIDIL II

TUAIRISCIÚ AR NA CUSPÓIRÍ, AR NA SPRIOCANNA AGUS AR NA RANNCHUIDITHE NÁISIÚNTA

Airteagal 2

Tuairisciú ar an dul chun cinn a dhéantar maidir le gné an dícharbónaithe

1. Tuairisceoidh na Ballstáit faisnéis faoin dul chun cinn a dhéantar i dtreo na gcuspóirí, lena n-áirítear an dul chun cinn a dhéantar i dtreo chuspóir aeráidneodrachta an Aontais a leagtar amach in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na h Eorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ agus i dtreo na spriocanna maidir le hastaíochtaí agus aistriú gáis ceaptha teasa dá dtagraítear in Airteagal 4, pointe (a)(1) de Rialachán (AE) 2018/1999, i gcomhréir leis na formáidí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

Na tuarascálacha débhlíantúla a chuireann na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin de bhun Airteagal 18(1), pointe (b) de Rialachán (AE) 2018/1999 agus na tuarascálacha bliantúla a chuirtear faoina bhráid de bhun Airteagal 26(3) den Rialachán sin, agus na seiceálacha tosaigh dá dtagraítear in Airteagal 37(4) den Rialachán sin á gcur san áireamh aige, measfaidh an Coimisiún na tuarascálacha sin a bheith ina n-aighneacht chun críocha na dtuarascálacha débhlíantúla comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn de bhun Airteagal 17(1) den Rialachán sin maidir leis an réimse astaíochtaí gás ceaptha teasa.

2. Tuairisceoidh na Ballstáit an fhaisnéis faoin dul chun cinn a dhéantar i dtreo na gcuspóirí, na spriocanna agus na rannchuidithe maidir leis an bhfuinneamh in-athnuaite dá dtagraítear in Airteagal 4, pointe (a)(2) agus in Airteagal 20, pointe (a) de Rialachán (AE) 2018/1999 i gcomhréir leis na formáidí a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

3. Tuairisceoidh na Ballstáit an fhaisnéis faoin oiriúnú dá dtagraítear in Airteagal 4, pointe (a)(1) de Rialachán (AE) 2018/1999 i gcomhréir leis na formáidí a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

⁽³⁾ Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na h Eorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 (“An Dlí Aeráide Eorpach”) (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1)

*Airteagal 3***Tuairisciú ar an dul chun cinn a dhéantar maidir le gné na héifeachtúlachta fuinnimh**

Tuairisceoidh na Ballstáit an fhaisnéis faoin dul chun cinn a dhéantar i dtreo na gcuspóirí, na spriocanna agus na rannchuidithe maidir le gné na héifeachtúlachta fuinnimh dá dtagraítear in Airteagal 4, pointe (b) agus in Airteagal 21, pointe (a) de Rialachán (AE) 2018/1999 i gcomhréir leis na formáidí a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 4***Tuairisciú ar an dul chun cinn a dhéantar maidir le gné na slándála fuinnimh**

Tuairisceoidh na Ballstáit an fhaisnéis faoin dul chun cinn a dhéantar i dtreo na gcuspóirí, na spriocanna agus na rannchuidithe maidir le gné na slándála fuinnimh dá dtagraítear in Airteagal 4, pointe (c) agus in Airteagal 22, pointí (a) go (d) de Rialachán (AE) 2018/1999 i gcomhréir leis na formáidí a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 5***Tuairisciú ar an dul chun cinn a dhéantar maidir le gné an mhargaidh inmheánaigh fuinnimh**

Tuairisceoidh na Ballstáit an fhaisnéis faoin dul chun cinn a dhéantar i dtreo na gcuspóirí, na spriocanna agus na rannchuidithe maidir le gné an mhargaidh inmheánaigh fuinnimh dá dtagraítear in Airteagal 4, pointe (d) agus in Airteagal 23(1), pointí (a) go (g) de Rialachán (AE) 2018/1999 i gcomhréir leis na formáidí a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 6***Tuairisciú ar an dul chun cinn a dhéantar maidir le gné an taighde, na nuálaíochta agus an iomaíochais**

1. Tuairisceoidh na Ballstáit an fhaisnéis faoin dul chun cinn a dhéantar i dtreo na gcuspóirí, na spriocanna agus na rannchuidithe maidir le gné an taighde, na nuálaíochta agus an iomaíochais dá dtagraítear in Airteagal 4, pointe (e) agus in Airteagal 25, pointí (a) go (c) de Rialachán (AE) 2018/1999 i gcomhréir leis na formáidí a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Tuairisceoidh na Ballstáit an fhaisnéis faoin dul chun cinn a dhéantar i dtreo na gcuspóirí náisiúnta chun deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais fuinnimh, go háirithe le haghaidh breoslaí iontaise, dá dtagraítear in Airteagal 25(d) de Rialachán (AE) 2018/1999 i gcomhréir leis na formáidí a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán seo.

CAIBIDIL III

TUAIRISCIÚ AR BHEARTAIS AGUS AR BHEARTA*Airteagal 7***Tuairisciú ar bheartais agus ar bhearta náisiúnta**

1. Tuairisceoidh na Ballstáit an fhaisnéis faoin dul chun cinn a dhéantar i dtreo chur chun feidhme na mbeartas agus na mbeart náisiúnta, agus i gcás inarb iomchuí, i dtreo chur chun feidhme na mbeartas agus na mbeart nuashonraithe nó nua nó grúpaí beartas agus beart, dá dtagraítear in Airteagal 17(2), pointí (a) agus (c) agus in Airteagal 20 go 25 de Rialachán (AE) 2018/1999 i gcomhréir leis na formáidí a leagtar amach in Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Maidir le tuarascálacha débhlíantúla a chuireann na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin de bhun Airteagal 18(1), pointe (a) de Rialachán (AE) 2018/1999, measfaidh an Coimisiún iad a bheith ina n-aighneachtaí chun críocha na dtuarascálacha débhlíantúla comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn de bhun Airteagal 17(1) den Rialachán sin maidir leis an réimse astaíochtaí gás ceaptha teasa. Comhlánóidh na Ballstáit na tuarascálacha de bhun Airteagal 18(1), pointe (a) leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 10 agus in Airteagal 11 den Rialachán seo.

3. Agus tuairisciú á dhéanamh ag na Ballstáit ar na beartais agus na bearta nua dá dtagraítear in Airteagal 21, pointe (b) (3) de Rialachán (AE) 2018/1999, tuairisceoidh na Ballstáit, sa bhreis air sin, an fhaisnéis i gcomhréir leis na formáidí a leagtar amach in Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 8

Tuairisciú ar an méid coigilteas fuinnimh a bhaintear amach faoi Airteagal 7 de Threoir 2012/27/AE

Tuairisceoidh na Ballstáit an fhaisnéis dá dtagraítear i gCuid 2, pointí (b) go (d) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1999 i gcomhréir leis na formáidí a leagtar amach in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 9

Tuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 5 de Threoir 2012/27/AE

1. Déanfaidh na Ballstáit achar urláir iomlán athchóirithe na bhfoirgneamh téite agus fuaraithe atá faoi úinéireacht a rialtais láir agus á n-áitiú aige, achar dá dtagraítear i gCuid 2, pointe (g) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1999 a thuairisciú i gcomhréir leis na formáidí a leagtar amach i dTábla 1 d'Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Déanfaidh na Ballstáit an méid coigilteas fuinnimh i bhfoirgnimh incháilithe atá faoi úinéireacht a rialtais láir agus á n-áitiú aige, coigiltis dá dtagraítear i gCuid 2, pointe (g) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1999, a thuairisciú i gcomhréir leis na formáidí a leagtar amach i dTábla 2 d'Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 10

Tuairisciú ar an dul chun cinn a dhéantar i dtreo an mhaoinithe

Tuairisceoidh na Ballstáit an fhaisnéis faoin dul chun cinn a dhéantar i dtreo maoiniú a dhéanamh ar na beartais agus ar na bearta, nó ar na grúpaí beartas agus beart dá dtagraítear in Airteagal 17(2), pointe (a), Airteagal 20, pointe (b)(3), Airteagal 21, pointe (b)(7), Airteagal 22, pointe (g), Airteagal 23(1), pointe (j) agus Airteagal 25, pointe (g) de Rialachán (AE) 2018/1999 agus a thuairiscítear i gcomhréir le hAirteagal 7(1) den Rialachán seo, lena n-áirítear athbhreithniú ar an infheistíocht iarbhír in aghaidh toimhdí infheistíochta tosaigh, i gcomhréir leis na formáidí a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 11

Tuairisciú ar an tionchar ar cháilíocht an aeir agus ar astaíochtaí truailleán aeir

Agus tuairisciú á dhéanamh ar chainníochtú tionchar na mbeartas agus na mbeart, nó grúpaí beartas nó beart, ar cháilíocht an aeir agus ar astaíochtaí truailleán aeir, beartais agus bearta a chumhdaítear leis na tuarascálacha a cuireadh isteach i gcomhréir le hAirteagal 7(1) agus (2), déanfaidh na Ballstáit amhlaidh i gcomhréir leis na formáidí a leagtar amach in Iarscríbhinn XIV

Airteagal 12

Tuairisciú ar bheartais agus ar bhearta chun deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais fuinnimh, go háirithe le haghaidh breoslaí iontaise

Tuairisceoidh na Ballstáit ar na beartais agus ar na bearta dá dtagraítear in Airteagal 17(2), pointí (a) agus (c) de Rialachán (AE) 2018/1999 maidir le deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais fuinnimh, go háirithe le haghaidh breoslaí iontaise, i gcomhréir leis na formáidí a leagtar amach in Iarscríbhinn XV a ghabhann leis an Rialachán seo.

CAIBIDIL IV

OIBLEAGÁIDÍ EILE TUAIRISCITHE

Airteagal 13

Oibleagáidí tuairiscithe breise i réimse an fhuinnimh in-athnuaithe

Tuairisceoidh na Ballstáit an fhaisnéis bhreise dá dtagraítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1999 maidir le réimse an fhuinnimh in-athnuaithe i gcomhréir leis na formáidí a leagtar amach in Iarscríbhinn XVI a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 14

Oibleagáidí tuairiscithe breise i réimse na héifeachtúlachta fuinnimh

Tuairisceoidh na Ballstáit an fhaisnéis bhreise dá dtagraítear i gCuid 2, pointí (e), (f) agus (h) go (k) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1999 i gcomhréir leis na formáidí a leagtar amach in Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 15

Tuairisciú ar an mbochtaineacht fuinnimh agus ar an aistriú cóir

1. I gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 3(3), pointe (d), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2018/1999, tuairisceoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:
 - (a) an fhaisnéis faoin dul chun cinn a dhéantar i dtreo na gcuspóirí náisiúnta táscacha chun an líon teaghlach i mbochtaineacht fuinnimh a laghdú, dá dtagraítear in Airteagal 24, pointe (a) de Rialachán (AE) 2018/1999, i gcomhréir leis na formáidí a leagtar amach in Iarscríbhinn XVIII a ghabhann leis an Rialachán seo,
 - (b) an fhaisnéis chainníochtúil faoin líon teaghlach i mbochtaineacht fuinnimh, dá dtagraítear in Airteagal 24, pointe (b) de Rialachán (AE) 2018/1999 i gcomhréir leis na formáidí a leagtar amach i dTábla 1 d'Iarscríbhinn XIX a ghabhann leis an Rialachán seo.
2. Féadfaidh na Ballstáit tuairisciú ar na táscairí maidir leis an mbochtaineacht fuinnimh i gcomhréir leis na formáidí a leagtar amach i dTábla 2 agus 3 d'Iarscríbhinn XIX a ghabhann leis an Rialachán seo.
3. Féadfaidh na Ballstáit an fhaisnéis faoin sainmhíniú náisiúnta ar an mbochtaineacht fuinnimh a thuairisciú i gcomhréir leis na formáidí a leagtar amach i dTábla 4 d'Iarscríbhinn XIX a ghabhann leis an Rialachán seo.
4. Féadfaidh na Ballstáit an fhaisnéis a thuairisciú faoin gcaoi a rannchuidíonn cur chun feidhme a bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide leis an aistriú cóir lena n-áirítear trí chearta an duine agus an comhionannas inscne a chur chun cinn agus trí aghaidh a thabhairt ar an neamhionannas maidir leis an mbochtaineacht fuinnimh i gcomhréir leis na formáidí a leagtar amach in Iarscríbhinn XX a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 16

Tuairisciú ar chur chun feidhme an chomhair réigiúnaigh

Tuairisceoidh na Ballstáit an fhaisnéis faoi chur chun feidhme an chomhair réigiúnaigh dá dtagraítear in Airteagal 12, Airteagal 20, pointe (b)(2), Airteagal 21, pointe (b)(6), Airteagal 22, pointe (f), Airteagal 23(1), pointe (i), agus Airteagal 25, pointe (f) de Rialachán (AE) 2018/1999 i gcomhthéacs chur chun feidhme na gcuspóirí, na spriocanna agus na rannchuidithe agus na mbeartas agus na mbeart dá dtagraítear i gCaibidlí II agus III den Rialachán seo i gcomhréir leis na formáidí a leagtar amach in Iarscríbhinn XXI a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 17***Tuairisciú ar chur chun feidhme na moltaí dá dtagraítear in Airteagal 32(1) nó (2) de Rialachán (AE) 2018/1999**

I gcás inar eisigh an Coimisiún moltaí de bhun Airteagal 32(1) nó (2) de Rialachán (AE) 2018/1999, tuairisceoidh na Ballstáit an fhaisnéis faoi na beartais agus faoi na bearta a glacadh agus a cuireadh chun feidhme nó faoi na beartais agus faoi na bearta a bhfuil sé beartaithe iad a ghlacadh, chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí sin, dá dtagraítear in Airteagal 17(6) de Rialachán (AE) 2018/1999 i gcomhréir leis na formáidí a leagtar amach in Iarscríbhinn XXII a ghabhann leis an Rialachán seo.

I gcás ina gcinneann na Ballstáit lena mbaineann gan aghaidh a thabhairt ar mholadh nó ar chuid shubstaintiúil de mholadh, tabharfaidh siad réasúnaíocht i gcomhréir leis na formáidí a leagtar amach in Iarscríbhinn XXII a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 18***Tuairisciú ar idirphlé il-leibhéil maidir leis an aeráid agus fuinneamh dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2018/1999**

Tuairisceoidh na Ballstáit an fhaisnéis faoin dul chun cinn a dhéantar maidir le bunú an idirphlé dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2018/1999 i gcomhréir leis na formáidí a leagtar amach in Iarscríbhinn XXIII a ghabhann leis an Rialachán seo.

CAIBIDIL V

PRÓISIS CURTHA ISTEACH*Airteagal 19***Tuarascálacha a chur isteach**

Úsáidfidh na Ballstáit an ríomhardán dá dtagraítear in Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus na huirlisí agus na teimpléid a bhaineann leis chun a dtuarascálacha comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn a chur isteach de bhun an Rialacháin seo.

CAIBIDIL VI

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA*Airteagal 20***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Samhain 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

DÍCHARBÓNÚ: ASTAÍOCHTAÍ AGUS AISTRITHE GÁS CEAPTHA TEASA

Tábla 1

Dul chun cinn náisiúnta reatha agus réamh-mheasta i dtreo cuspóirí laghdaithe astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) i bhfianaise aeráidneodrachta

Gné thuariscithe	Aitheantóir ⁽¹⁾	Sonraíocht	Raon feidhme ⁽²⁾	Aonad	Acmhainneacht téite domhanda ⁽³⁾	Bliain					Spriobhliain le haghaidh aeráidneodrachta	An bhfuil astaíochtaí CO ₂ indíreacha san áireamh (tá/níl)? ⁽¹¹⁾
						X-3 ⁽¹⁰⁾	X-2	2030	2040	2050		
Aeráidneodracht ⁽⁴⁾	A1	S _{mi}										
Ról aistrithe ⁽⁵⁾	A2	S _{mi}		ktCO ₂ e	AR 5							
Sprioc náisiúnta GCT – do 2030 agus ina dhiaidh, má tá siad ar fáil, agus na garspriocanna táscacha do 2040 agus 2050.	B	S _{mi}	Astaíochtaí iomlána GCT, gan LULUCF a chur san áireamh, gan eitlíocht idirnáisiúnta a chur san áireamh ⁽⁶⁾	ktCO ₂ e	AR 5							
	C	S _{mi}	Astaíochtaí iomlána GCT, lena n-áirítear LULUCF, gan eitlíocht idirnáisiúnta a chur san áireamh ⁽⁶⁾	ktCO ₂ e	AR 5							
	D	S _{mi}	Astaíochtaí iomlána GCT, lena n-áirítear LULUCF, lena n-áirítear eitlíocht idirnáisiúnta ⁽⁶⁾	ktCO ₂ e	AR 5							
Astaíochtaí stairiúla	E	S _{mi}	Astaíochtaí iomlána GCT, gan LULUCF a chur san áireamh, gan eitlíocht idirnáisiúnta a chur san áireamh ⁽⁷⁾	ktCO ₂ e	AR 5							
	F	S _{mi}	Astaíochtaí iomlána GCT, lena n-áirítear LULUCF, gan eitlíocht idirnáisiúnta a chur san áireamh ⁽⁷⁾	ktCO ₂ e	AR 5							
	G	S _{mi}	Astaíochtaí iomlána GCT, lena n-áirítear LULUCF, lena n-áirítear eitlíocht idirnáisiúnta ⁽⁷⁾	ktCO ₂ e	AR 5							

Airteagal 18 cás LBR	H	S_{mi}	Astaíochtaí iomlána GCT, gan LULUCF a chur san áireamh, gan eitlíocht idirnáisiúnta a chur san áireamh ⁽⁸⁾	ktCO ₂ e	AR 5							
	I	S_{mi}	Astaíochtaí iomlána GCT, lena n-áirítear LULUCF, gan eitlíocht idirnáisiúnta a chur san áireamh ⁽⁸⁾	ktCO ₂ e	AR 5							
	J	S_{mi}	Astaíochtaí iomlána GCT, lena n-áirítear LULUCF, lena n-áirítear eitlíocht idirnáisiúnta ⁽⁸⁾	ktCO ₂ e	AR 5							
Airteagal 18 cás LBB	K	S_{mtfa}	Astaíochtaí iomlána GCT, gan LULUCF a chur san áireamh, gan eitlíocht idirnáisiúnta a chur san áireamh ⁽⁸⁾	ktCO ₂ e	AR 5							
	L	S_{mtfa}	Astaíochtaí iomlána GCT, lena n-áirítear LULUCF, gan eitlíocht idirnáisiúnta a chur san áireamh ⁽⁸⁾	ktCO ₂ e	AR 5							
	S	S_{mtfa}	Astaíochtaí iomlána GCT, lena n-áirítear LULUCF, lena n-áirítear eitlíocht idirnáisiúnta ⁽⁸⁾	ktCO ₂ e	AR 5							
Dul chun cinn reatha (X-3): Difríocht idir sonraí agus luachanna stairiúla i gcomhréir le spriocchonnair náisiúnta GCT	N1	n/b	Astaíochtaí iomlána GCT, gan LULUCF a chur san áireamh, gan eitlíocht idirnáisiúnta a chur san áireamh	Céatadán ⁽⁹⁾	AR 5							
	O1	n/b	Astaíochtaí iomlána GCT, lena n-áirítear LULUCF, gan eitlíocht idirnáisiúnta a chur san áireamh	Céatadán ⁽⁹⁾	AR 5							
	P1	n/b	Astaíochtaí iomlána GCT, lena n-áirítear LULUCF, lena n-áirítear eitlíocht idirnáisiúnta	Céatadán ⁽⁹⁾	AR 5							
Dul chun cinn reatha (X-2): Difríocht idir sonraí agus luachanna stairiúla i gcomhréir le spriocchonnair náisiúnta GCT	N2	n/b	Astaíochtaí iomlána GCT, gan LULUCF a chur san áireamh, gan eitlíocht idirnáisiúnta a chur san áireamh	Céatadán ⁽⁹⁾	AR 5							
	O2	n/b	Astaíochtaí iomlána GCT, lena n-áirítear LULUCF, gan eitlíocht idirnáisiúnta a chur san áireamh	Céatadán ⁽⁹⁾	AR 5							
	P2	n/b	Astaíochtaí iomlána GCT, lena n-áirítear LULUCF, lena n-áirítear eitlíocht idirnáisiúnta	Céatadán ⁽⁹⁾	AR 5							

Dul chun cinn réamh-mheasta: Difríocht idir cás agus luachanna LBR i gcomhréir le spriocchonnair náisiúnta GCT	Q	n/b	Astaíochtaí iomlána GCT, gan LULUCF a chur san áireamh, gan eitlíocht idirnáisiúnta a chur san áireamh	Céatadán (%)	AR 5							
	R	n/b	Astaíochtaí iomlána GCT, lena n-áirítear LULUCF, gan eitlíocht idirnáisiúnta a chur san áireamh	Céatadán (%)	AR 5							
	S	n/b	Astaíochtaí iomlána GCT, lena n-áirítear LULUCF, lena n-áirítear eitlíocht idirnáisiúnta	Céatadán (%)	AR 5							
Dul chun cinn réamh-mheasta: Difríocht idir cás agus luachanna LBB i gcomhréir le spriocchonnair náisiúnta GCT	T	n/b	Astaíochtaí iomlána GCT, gan LULUCF a chur san áireamh, gan eitlíocht idirnáisiúnta a chur san áireamh	Céatadán (%)	AR 5							
	U	n/b	Astaíochtaí iomlána GCT, lena n-áirítear LULUCF, gan eitlíocht idirnáisiúnta a chur san áireamh	Céatadán (%)	AR 5							
	D	n/b	Astaíochtaí iomlána GCT, lena n-áirítear LULUCF, lena n-áirítear eitlíocht idirnáisiúnta	Céatadán (%)	AR 5							

Nodaireacht: X = bliain tuairiscithe; Smi = sainordaitheach más infheidhme; Smtfa = sainordaitheach má tá fáil air.

Nótaí:

- (¹) Taispeántar aitheantóirí chun an chaoi a ríomhtar dul chun cinn a léiriú – liostaítear na ríomhanna a úsáideann na haitheantóirí sin i nóta 9.
- (²) Níl sonraí le soláthar ach sna línte sin a bhaineann le raon feidhme sprice na mBallstát. Sonraí tuarascála i gcomhréir le fardal GCT. Ba cheart astaíochtaí CO₂ indíreacha a áireamh sna hastaíochtaí iomlána le haghaidh an cholúin seo má thuairiscítear iad i bhfardal GCT.
- (³) Faisnéis a dtuairisceofar luachanna Acmhainneachta Téite Domhanda na n-astaíochtaí GCT dá réir. Sonraí fhardal GCT: An Acmhainneacht Téite Domhanda a bhfuil feidhm aici maidir le fardail GCT sa bhliain chéanna. AR 5 = luachanna Acmhainneachta Téite Domhanda ón 5ú Tuarascáil Mheasúnachta ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide.
- (⁴) Má tá cuspóir aeráidneodrachta náisiúnta i bhfeidhm, an spriocbhliain le haghaidh aeráidneodrachta.
- (⁵) Má tá cuspóir astaíochtaí iomlána GCT do 2030, 2040 nó 2050 i bhfeidhm, na haistrithe iomlána réamh-mheasta le haghaidh na spriocbhliana faoi seach. Má tá cuspóir aeráidneodrachta náisiúnta i bhfeidhm, na haistrithe iomlána réamh-mheasta le haghaidh na spriocbhliana aeráidneodrachta in ktCO₂e.
- (⁶) Arna soláthar ag an mBallstát de réir faisnéis sa phlean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide atá ann faoi láthair (mar atá in Iarscríbhinn I, Cuid 1, Roinn A, Roinn 2, pointe 2.1.1(ii). *Cuspóirí agus spriocanna atá comhsheasmhach le Comhaontú Pháras agus leis na straitéisí fadtéarmacha atá ann faoi láthair* i Rialachán (AE) 2018/1999) i gcomhréir lena straitéis fhadtéarmach arna tuairisciú faoi Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2018/1999.
- (⁷) Na hastaíochtaí iomlána GCT críochnaitheacha arna gcur isteach ag na Ballstáit ina bhfaisnéis chríochnaitheach maidir le fardal GCT críochnaitheach faoi Airteagal 26(3) de Rialachán (AE) 2018/1999 sa bhliain tuairiscithe chéanna agus arna dtuairisciú i gcomhréir le treoirlínte fardail GCT (féach Airteagal 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1208 ón gCoimisiún an 7 Lúnasa 2020 maidir le struchtúr, formáid, próisis tíolachta agus athbhreithniú ar fhaisnéis arna tuairisciú ag na Ballstáit de bhun Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 749/2014 ón gCoimisiún (IO L 278, 26.8.2020, lch. 1)).
- (⁸) Sonraí críochnaitheacha ó thíolachtaí na mBallstát sa bhliain tuairiscithe chéanna i gcomhréir le hIarscríbhinn XXV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1208 ón gCoimisiún maidir le tuairisciú faoi Airteagal 18(1), pointe (b) de Rialachán (AE) 2018/1999.

⁽⁹⁾ Déantar luachanna a ríomh go huathoibríoch mar dhifríocht céatadáin leis an sprioc ar leith. Ní dhéantar ríomh go huathoibríoch ach do na gnéithe tuairiscithe sin dár comhlánaíodh an ró comhfhreagrach i mbloc le haitheantóirí B-D. Murar féidir ríomh a dhéanamh go huathoibríoch, tá an chill le líonadh leis an eochair nodaireachta N/B – ní bhaineann le hábhar. Léirítear le luach diúltach go bhfuil astaíochtaí x % níos airde ná an sprioc ar leith atá ann, agus léirítear le luach dearfach go bhfuil astaíochtaí x % faoi bhun na sprice.

N1= (B-E)/B - trí shonraí a úsáid ó X-3 le haghaidh E

N2= (B-E)/B - trí shonraí a úsáid ó X-2 le haghaidh E

O1= (C-F)/C - trí shonraí a úsáid ó X-3 le haghaidh F

O2= (C-F)/C - trí shonraí a úsáid ó X-2 le haghaidh F

P1= (D-G)/D - trí shonraí a úsáid ó X-3 le haghaidh G

P2= (C-F)/D - trí shonraí a úsáid ó X-2 le haghaidh G

Q= (B-H)/B

R= (C-I)/C

S = (D-J)/D

T= (B-K)/B

U=(C-L)/C

V=(D-M)/D

⁽¹⁰⁾ Ní bheidh feidhm ag X-3 le haghaidh na chéad tuarascálacha ar dhul chun cinn in 2023.

⁽¹¹⁾ Léirítear le tá/níl cé acu atá astaíochtaí CO₂ san áireamh san fhigiúr sprice nó nach bhfuil.

Tábla 2

Dul chun cinn reatha agus réamh-mheasta i dtreo teorainneacha bliantúla atá ceangailteach de bhun Rialachán (AE) 2018/842 arna thuairisciú de bhun Airteagal 26(3) agus Airteagal 18(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2018/1999

Gné thuairiscithe	Aitheantóir	Sonraíocht	Aonad	Acmhainneacht téite domhanda ⁽¹⁾	Bliain				
					X-3 ⁽²⁾	X-2	t	t + 5	t + 10
Leithdháileadh bliantúil astaíochtaí (LBA) ⁽²⁾	A	S	ktCO ₂ e	AR 5					
Astaíochtaí iomlána faoin gComhroinnt Díchill in X-3 agus X-2 ⁽³⁾	B	S	ktCO ₂ e	AR 5					
Astaíochtaí iomlána faoin gComhroinnt Díchill -cás LBR ⁽⁴⁾	C	S	ktCO ₂ e	AR 5					
Astaíochtaí iomlána faoin gComhroinnt Díchill -cás LBB ⁽⁴⁾	D	S _{mtfa}	ktCO ₂ e	AR 5					
Astaíochtaí iomlána faoin gComhroinnt Díchill -cás GB ⁽⁴⁾	E	S _{mtfa}	ktCO ₂ e	AR 5					
Dul chun cinn reatha: Difríocht idir LBA agus an méid iomlán astaíochtaí faoi chuimsiú an Rialacháin maidir le Comhroinnt Díchill in X-3 agus X-2 ⁽⁵⁾	F	n/b	ktCO ₂ e	AR 5					
Dul chun cinn réamh-mheasta: Difríocht idir LBA agus an méid iomlán astaíochtaí faoi chuimsiú an Rialacháin maidir le Comhroinnt Díchill i gcás LBR ⁽⁶⁾	G	n/b	ktCO ₂ e	AR 5					
Dul chun cinn réamh-mheasta: Difríocht idir LBA agus an méid iomlán astaíochtaí faoi chuimsiú an Rialacháin maidir le Comhroinnt Díchill i gcás LBB ⁽⁷⁾	H	n/b	ktCO ₂ e	AR 5					
Dul chun cinn réamh-mheasta: Difríocht idir LBA agus an méid iomlán astaíochtaí faoi chuimsiú an Rialacháin maidir le Comhroinnt Díchill i gcás GB ⁽⁸⁾	I	n/b	ktCO ₂ e	AR 5					

Nodaireacht: X = bliain tuairiscithe; S = Sainordaitheach; Smtfa = Sainordaitheach má tá fáil air; t = an chéad bhliain eile dar críoch 0 nó 5 díreach tar éis na bliana tuairiscithe.

Nótaí:

⁽¹⁾ Tuarisceofar faisnéis ar dá réir a luachanna Acmhainneachta Téite Domhanda na n-astaíochtaí GCT a thuairisciú dá réir. Sonraí fhardal GCT: An Acmhainneacht Téite Domhanda a bhfuil feidhm aici maidir le fardail GCT sa bhliain chéanna. AR 5 = luachanna Acmhainneachta Téite Domhanda ón 5ú Tuarascáil Mheasúnachta ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide.

⁽²⁾ Leithdháileadh bliantúil astaíochtaí de bhun Airteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghdúithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide agus chun gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (IO L 156, 19.6.2018, lch. 26), arna choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 10 den Rialachán sin, nó aon sprioc bliantúil maidir le hastaíochtaí GCT tar éis sin ina leith sin.

⁽³⁾ Líon iomlán críochnaitheach astaíochtaí GCT arna chur isteach ag na Ballstáit ina bhfaisnéis chríochnaitheach maidir le fardal GCT sa bhliain tuairiscithe chéanna i gcomhréir leis an bhfoirmle mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1208.

⁽⁴⁾ Sonraí críochnaitheacha ó thíolacthaí na mBallstát sa bhliain tuairiscithe chéanna i gcomhréir le hIarscríbhinn XXV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1208 ón gCoimisiún maidir le tuairisciú faoi Airteagal 18(1), pointe (b) de Rialachán (AE) 2018/1999

⁽⁵⁾ Arna ríomh go huathoibríoch mar F = A-B

⁽⁶⁾ Arna ríomh go huathoibríoch mar G = A-C

⁽⁷⁾ Arna ríomh go huathoibríoch mar H = A-D agus sin amháin má tá an fhaisnéis ar fáil i ró le haitheantóir D, sin nó líontar isteach an eochair nodaireachta N/B – ní bhaineann le hábhar.

⁽⁸⁾ Arna ríomh go huathoibríoch mar I = A-E agus sin amháin má tá an fhaisnéis ar fáil i ró le haitheantóir E, sin nó líontar isteach an eochair nodaireachta N/B – ní bhaineann le hábhar.

⁽⁹⁾ Ní bheidh feidhm ag X-3 le haghaidh na chéad tuarascálacha ar dhul chun cinn in 2023.

Tábla 3

Dul chun cinn reatha agus réamh-mheasta i dtreo gealltanais de bhun Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ mar a thuairiscítear de bhun Airteagal 26(3) agus Airteagal 18(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2018/1999

Gné thuairiscithe	Aithean-tóir	Sonraíocht	Tuairisc	Aonad	Acmhainneacht téite domhanda ⁽¹⁾	Bliain				
						X-3 ⁽⁵⁾	X-2	t	t + 5	t + 10
Úsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht ⁽²⁾	A	S		ktCO ₂ e	AR 5					
Úsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht i gcás LBR ⁽³⁾	B	S		ktCO ₂ e	AR 5					
Úsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht i gcás LBB ⁽³⁾	C	S _{mfa}		ktCO ₂ e	AR 5					
Gealltanais LULUCF a luaitear sa phlean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide atá ann faoi láthair ⁽⁴⁾	D	S _{mi}								

Nodaireacht: X = an bhliain tuairiscithe, ciallaíonn t an chéad bhliain eile dar críoch 0 nó 5 díreach tar éis na bliana tuairiscithe; S = sainordaitheach; S_{mi} = sainordaitheach más infheidhme; S_{mfa} = Sainordaitheach má tá fáil air.

Nótaí:

- ⁽¹⁾ Faisnéis ar cheart luachanna Acmhainneachta Téite Domhanda na n-astaíochtaí GCT a thuairisciú dá réir. Sonraí fhardal GCT: An Acmhainneacht Téite Domhanda a bhfuil feidhm aici maidir le fardail GCT sa bhliain chéanna. AR 5 = luachanna Acmhainneachta Téite Domhanda ón 5ú Tuarascáil Mheasúnachta ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide.
- ⁽²⁾ An líon iomlán críochnaitheach astaíochtaí GCT arna chur isteach ag na Ballstáit ina bhfaisnéis chríochnaitheach maidir le fardal GCT faoi Airteagal 26(3) de Rialachán (AE) 2018/1999 sa bhliain tuairiscithe chéanna i gcomhréir le treoirlínte maidir le fardal GCT (féach Airteagal 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1208).
- ⁽³⁾ Sonraí críochnaitheacha ó thíolachtaí na mBallstát sa bhliain tuairiscithe chéanna i gcomhréir le hIarscríbhinn XXV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1208 ón gCoimisiún maidir le tuairisciú faoi Airteagal 18(1), pointe (b) de Rialachán (AE) 2018/1999.
- ⁽⁴⁾ Gealltanais náisiúnta aonair LULUCF mar a luaitear sa phlean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide atá ann faoi láthair. Soláthróidh na Ballstáit tuairisc théacsúil sa cholún 'Tuairisc'. Soláthróidh na Ballstáit sonraí uimhriúla sna colúin faoi 'Bliain' agus sonrúidh siad an tAonad agus an acmhainneacht téite domhanda a úsáidtear sna colúin faoi seach.
- ⁽⁵⁾ Ní bheidh feidhm ag X-3 le haghaidh na chéad tuarascálacha ar dhul chun cinn in 2023.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistriú gáis ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gceat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE (IO L 156, 19.6.2018, lch. 1).

Tábla 4

Dul chun cinn reatha agus réamh-mheasta i dtreo spriocanna agus cuspóirí eile a bhaineann le gáis ceaptha teasa a leagtar amach sna pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide, lena n-áirítear spriocanna eárnálacha i gcomhréir le hAirteagal 4(a), pointe (1)(iii) de Rialachán (AE) 2018/1999

Sprioc/cuspóir náisiúnta ⁽¹⁾	Sonraíocht	Gné Thuairiscithe	Ainm na sprice/an chuspóra náisiúnta	Na hearnálacha ar a dtugtar aghaidh	Tuairisc ⁽²⁾	Aonad ⁽³⁾	Acmhainneacht téite domhanda a úsáidtear ⁽⁴⁾	Bliain				
								X-3 ⁽⁵⁾	X-2	t	t + 5	t + 10
<i>Sprioc/cuspóir náisiúnta #1</i> ⁽¹⁾	S _{mi}	Sprioc/cuspóir										
		Dul chun cinn reatha										
		Dul chun cinn réamh-mheasta faoi chás LBR										
		Dul chun cinn réamh-mheasta faoi chás LBB										
<i>Sprioc/cuspóir náisiúnta #2</i> ⁽¹⁾	S _{mi}	Sprioc/cuspóir										
		Dul chun cinn reatha										
		Dul chun cinn réamh-mheasta faoi chás LBR										
		Dul chun cinn réamh-mheasta faoi chás LBB										
<i>Cuir rónna breise leis más gá le haghaidh aon sprioc/ chuspóir náisiúnta eile</i>	S _{mi}	Sprioc/cuspóir										
		Dul chun cinn reatha										
		Dul chun cinn réamh-mheasta faoi chás LBR										
		Dul chun cinn réamh-mheasta faoi chás LBB										

Nodaireacht: X = bliain tuairiscithe; S_{mi} = sainordaitheach más infheidhme; t = an chéad bhliain eile dar críoch 0 nó 5 díreach tar éis na bliana tuairiscithe.

Nótaí:

⁽¹⁾ Cuirfidh na Ballstáit rónna breise leis i gcás ina bhfuil aon sprioc/cuspóir náisiúnta eile ann.

⁽²⁾ Tá an tuairisc théacsúil le soláthar le haghaidh soiléiriú agus i gcás nach féidir spriocanna/cuspóirí agus dul chun cinn ina dtreo a shloinneadh trí na colúin chainníochtúla a úsáid.

⁽³⁾ Aonad in-chomparáide le haonad na sonraí maidir leis an dul chun cinn réamh-mheasta.

⁽⁴⁾ Faisnéis a ríomhadh luachanna Acmhainneachta Téite Domhanda na n-astaióchtaí GCT dá réir. AR 4 = luachanna Acmhainneachta Téite Domhanda ón 4ú Tuarascáil Mheasúnachta ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide; AR 5 = Luachanna Acmhainneachta Téite Domhanda ón 5ú Tuarascáil Mheasúnachta ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide.

⁽⁵⁾ Ní bheidh feidhm ag X-3 le haghaidh na chéad tuarascálacha ar dhul chun cinn in 2023.

Tábla 1

Sciar earnála (leictreachas, téamh agus fuarú, agus iompar) agus sciar foriomlán fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite ⁽¹⁾

Gné thuairiscithe	Sonraíocht	Aonad	Bliain	
			X-3	X-2
Olltomhaltas deiridh fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite	S	ktoe		
Olltomhaltas deiridh fuinnimh le coigeartú eitlíochta	S	ktoe		
An sciar iomlán ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite	S	%		
Giniúint leictreachais in-athnuaite (le normalú)	S	GWh		
Olltomhaltas Foriomlán Leictreachais	S	GWh		
An sciar giniúna RES-E	S	%		
Uimhreoir RES-T le hiolraitheoirí	S	ktoe		
Ainmneoir RES-T le hiolraitheoirí	S	ktoe		
Sciar tomhaltais RES-T	S	%		
Uimhreoir RES-H&C	S	ktoe		
Ainmneoir RES-H&C	S	ktoe		
dar dramhtheas agus dramhfhuacht a úsáidtear trí líonraí téimh/fuaraithe ceantair	S ⁽²⁾	ktoe		
an sciar RES-H&C	S	%		
An sciar RES-H&C le dramhtheas agus dramhfhuacht	S	%		
Fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite agus ó dhramhtheas agus dramhfhuacht a úsáidtear i dtéamh agus fuarú ceantair	S ⁽²⁾	ktoe		
Fuinneamh ó gach foinse a úsáidtear le haghaidh téamh agus fuarú ceantair	S ⁽²⁾	ktoe		
An sciar fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite agus ó dhramhtheas agus dramhfhuacht i dtéamh agus fuarú ceantair	S ⁽²⁾	%		
Aistrithe staitisticíúla/Tionscadail chomhpháirteacha/scéimeanna tacaíochta comhpháirteacha – an méid iomlán atá le cur leis	S ⁽²⁾	Ktoe		

Aistrithe staitisticiúla/Tionscadail chomhpháirteacha/scéimeanna tacaíochta comhpháirteacha – an méid iomlán atá le baint	S	ktoe		
Táirgeadh dúchais hidrigin in-athnuaite	D	ktoe		
Táirgeadh dúchais bithgháis	D	ktoe		
I gcás ina dtéann sciar RES amháin nó níos mó in X-3 nó X-2 faoi bhun na conaire náisiúnta mar a thuairiscítear sa phlean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide, nó faoi bhun chion bhunlíne 2020, mínigh na cúiseanna leis an bhforbairt sin agus tabhair faisnéis maidir le bearta breise atá beartaithe chun an bhearna a chumhdach i gcomparáid leis an bpointe tagartha náisiúnta.	S _{mi}			
Tabhair faisnéis i dtaobh cé acu is mian leis an mBallstát dramhtheas agus dramhfhuacht a úsáid chun an sprioc téimh agus fuaraithe a bhaint amach (Airteagal 23) agus spriocanna téimh agus fuaraithe ceantair (Airteagal 24) de REDII (de bhun Airteagal 23(1) de REDII) agus, dá bhrí sin, cé acu is mian leis an mBallstát sprioc 1.1 ppt (foinsí fuinnimh in-athnuaite íon) nó 1.3 (foinsí fuinnimh in-athnuaite + dramhtheas/dramhfhuacht) a chur i bhfeidhm.	S _{mi}			
I gcás ina mbeidh an meánmhéadú bliantúil níos ísle ná an sprioc téimh agus fuaraithe in Airteagal 23 de REDII, luaigh an leibhéal a baineadh amach agus tabhair cúiseanna, lena n-áirítear an rogha beart (de bhun an dara agus an tríú fomhír d'Airteagal 23(2) de REDII)	S _{mi}			

Nodaireacht: X = bliain tuairiscithe; S = sainordaitheach; S_{mi} = sainordaitheach más infheidhme; D = deonach.

(¹) Cuirtear gach foráil maidir le ríomh a leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/2001 i bhfeidhm ar an uimhreoir iomlán agus ar an ainmneoir iomlán.

(²) Ní mór na luachanna sin a thuairisciú ag tosú ón mbliain 2021 ar aghaidh.

Tábla 2

Toilleadh suiteáilte iomlán ó gach teicneolaíocht fuinnimh in-athnuaite ⁽¹⁾

- ⁽⁷⁾ Le ríomh i gcomhréir le ceanglais Rialachán (AE) 2019/941 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le riosca-ullmhacht in earnáil an leictreachais agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/89/CE (IO L 158, 14.6.2019, lch. 1) agus i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas (IO L 158, 14.6.2019, lch. 54). Déanann an Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh an mhodheolaíocht shonrach a leagan síos, in Iarscríbhinn I dá chinneadh maidir leis an Modheolaíocht chun luach lóid chailte, costas ar iontráil nua, agus an caighdeán iontaofachta a ríomh.
- ⁽⁸⁾ Le ríomh i gcomhréir le ceanglais Iarscríbhinn II, Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2017 maidir le bearta chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirciú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 994/2010 (IO L 280, 28.10.2017, lch. 1). Leis an rial N-1 déantar acmhainn theicniúil an bhonneagair atá fágtha a ríomh i gcás suaitheadh sa ghné bonneagair gáis anoir is mó, lena meastar an mbeidh sin in ann na riachtanais gáis a bheadh ann ar lá d'éileamh urghnách a shásamh, éileamh a bhíonn ann uair in 20 bliain de réir dóchúlacht staitistiúil.

Tábla 3

Dul chun cinn i dtreo chur chun feidhme cuspóirí agus spriocanna náisiúnta neamh-inchanníochtúla

Ainm na sprice/an chuspóra náisiúnta	Táscairí Garspriocanna	Spriocbhliain	Tuairisc ar an táscaire/ngarsprioc ⁽¹⁾	Dul chun cinn i dtreo sprice/cuspóra ⁽²⁾	Sonraí a bhaineann leis an straitéis faireacháin ⁽³⁾	Tagairt do mheasúnuithe agus tuarascálacha teicniúla atá mar bhonn agus mar thaca acu
S	S	S _{mi}	S	S	D	D
<i>Sprioc/cuspóir náisiúnta 1</i>						
<i>Sprioc/cuspóir náisiúnta 2</i>						
<i>Sprioc/cuspóir náisiúnta 3</i>						
<i>Cuir rónna breise leis, de réir mar is gá</i>						

Nótaí:

S = sainordaitheach; S_{mi} = sainordaitheach más infheidhme; D = deonach

⁽¹⁾ Tabharfaidh na Ballstáit sonraí maidir leis na táscairí/garspriocanna agus an chúis ar roghnaíodh sin chun dul chun cinn maidir leis an gcuspóir a léiriú.

⁽²⁾ Tabharfaidh na Ballstáit faisnéis cháilíochtúil chun achoimre a dhéanamh ar stádas reatha an táscaire (mar shampla an bhfuil sé á bhaint amach, bainte amach cheana, á chailliúint, á chur siar, etc.).

⁽³⁾ Sonraí maidir leis an gcaoi a ndéantar faireachán ar an táscaire, mar shampla trí shraith táscairí, trí athbhreithniú saineolaithe, trí phainéal, trí mhodheolaíocht shonrach agus mar sin de.

IARSCRÍBHINN VI
AN MARGADH INMHEÁNACH FUINNIMH

Tábla 1

Dul chun cinn i dtreo cuspóirí náisiúnta a bhaineann le hidirnascacht leictreachais

Ainm na sprice/an chuspóra náisiúnta	Aonad	Bliain		Spreioclúach in 2030
		X-3	X-2	
		S	S	S _{mi}
An cumas tarchuradóireachta ainmniúil maidir le toilleadh suiteáilte giniúna	%			
An cumas tarchuradóireachta ainmniúil maidir le buaiclód	%			
An cumas tarchuradóireachta ainmniúil maidir le toilleadh suiteáilte giniúna fuinnimh in-athnuaite	%			
Difreálaigh praghsanna sa mheánphraghas nó sa dearbhphraghas in aghaidh na huaire maidir le margáí lá roimh ré (ar leithligh le haghaidh gach teorann laistigh den Aontas) ⁽¹⁾	EUR/MWh			
<i>Teorainn 1</i>	EUR/MWh			
<i>Teorainn 2</i>	EUR/MWh			
<i>Cuir rónna breise leis, de réir mar is gá</i>	EUR/MWh			

Nodaireacht: X = bliain tuairiscithe; S = sainordaitheach; S_{mi} = sainordaitheach más infheidhme

Nótaí:

⁽¹⁾ Is féidir leas a bhaint as na difreálaigh praghsanna maidir le margáí lá roimh ré arna ríomh agus arna bhfoilsíú ag an nGníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER) sa Tuarascáil ar Fhaireachán an Mhargaidh.

Tábla 2

Faisnéis maidir le Thionscail tarchuir Leasa Choitinn

Tabhair tuairisc maidir le haon fhorbairt thábhachtach maidir le tionscail leasa choitinn i gcomparáid leis an Tuarascáil Faireacháin maidir le Tionscail Leasa Choitinn roimhe sin a d'fhéadfadh tionchar a bheith aici ar na cuspóirí agus na spriocanna a leagtar síos sa phlean náisiúnta fuinnimh agus aeráide.	S	
--	---	--

Nodaireacht: S = sainordaitheach

Tábla 3

Faisnéis maidir leis na príomhthionscadail bonneagair eile

Cur síos ar an tionscadal									Cur chun feidhme tionscadail				
Ainm an tionscadail ⁽¹⁾	Aitheantóir plean forbartha gréasáin deich mbliana	Iompróir fuinnimh ⁽²⁾	Cineál an tionscadail ⁽³⁾	Cur síos ar an tionscadal	An bhliain choimisiúnaithe atá beartaithe	Cumas tarchuradóir-eachta (MW le haghaidh leictreachais GWh/d le haghaidh gás nádúrtha, hidrigine agus gáis/leachtanna eile)	Tuairisc ar an gcaoi a rannchuideoidh an tionscadal le baint amach na leibhéal beartaithe a thuairiscítear faoi Airteagal 23(1)(a) ⁽²⁾	Tuairisc ar an gcaoi a rannchuideoidh an tionscadal le gnéithe an Aontais Fuinnimh	Stádas tionscadail	Tuairisc ar an dul chun cinn	Moill ar chur chun feidhme (blianta)	Athsceidealú (blianta)	Cúiseanna le moill ar chur chun feidhme nó le hathsceidealú an phlean tionscadail
S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}
Tionscadal 1													
Tionscadal 2													
Cuir rónna breise leis, más gá													

Nótaí:

S_{mi} = sainordaitheach más infheidhme

⁽¹⁾ Cuirfidh na Ballstáit sa tábla seo freisin tionscadail leasa choitinn seachas tionscadail tarchuir trasteorann, má rannchuidíonn siad go hindíreach le méadú na hidirnasachta trasteorann. Ba cheart an rannchuidiú leis an idirnasacht trasteorann mhéadaithe a mhíniú sa tábla.

⁽²⁾ Roghnóidh na Ballstáit ó na hiompróirí fuinnimh seo a leanas (is féidir iompróirí fuinnimh a chur leis agus a shonrú faoi 'Eile'): Leictreachas; Gás nádúrtha; Hidrigin; Eile.

⁽³⁾ Tá ar na Ballstáit catagóirí ginearálta bonneagair a sholáthar (mar shampla críochfort GNL; saoráid stórála; idirnascaire tríú tír).

Tábla 4

Dul chun cinn i dtreo cuspóirí náisiúnta a bhaineann le solúbthacht an chórais fuinnimh, lena n-áirítear maidir le giniúint fuinnimh in-athnuaite

Ainm na sprice/an chuspóra náisiúnta	Tuairisc	Iompróir fuinnimh ⁽¹⁾	Gnéithe de sholúbthacht an chórais ar a dtugtar aghaidh ⁽²⁾	Sprioc ⁽³⁾	Spriocbhliain	Dul chun cinn i dtreo sprice/cuspóra	Táscairí ar dhul chun cinn (más infheidhme) ⁽⁴⁾			
							Ainm an táscaire chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn ⁽⁵⁾	Aonad	X-3	X-2
S	S _{mi}	S	S	S	S	S	S _{mi}	S _{mi}	S _{mi}	S _{mi}
<i>Sprioc/cuspóir náisiúnta 1</i>										
<i>Sprioc/cuspóir náisiúnta 2</i>										
<i>Sprioc/cuspóir náisiúnta 3</i>										
<i>Cuir rónna breise leis, de réir mar is gá</i>										

Nodaireacht: X = bliain tuairiscithe; S = sainordaitheach; S_{mi} = sainordaitheach más infheidhme
 Nótaí:

⁽¹⁾ Roghnóidh na Ballstáit ó na roghanna seo a leanas: leictreachas; gás nádúrtha; hidrigin.

⁽²⁾ Roghnóidh na Ballstáit ó na roghanna seo a leanas (is féidir níos mó ná rogha amháin a roghnú, is féidir roghanna breise a chur leis agus a shonrú faoi 'eile'): comhtháthú margaidh agus cúpláil margaidh, arb é is aidhm dóibh acmhainn intrádála agus úsáid éifeachtúil idirnascairí a mhéadú; méadrú cliste/eangaigh chliste; comhiomlánú; freagairt don éileamh; stóráil; giniúint dháilte; sásraí le haghaidh seoladh, athsheoladh agus ciorrú; comharthaí fíor-ama praghsála; eile.

⁽³⁾ Is féidir leis a bheith cainníochtúil nó cáilíochtúil

⁽⁴⁾ Má tá an sprioc/cuspóir inchainníochtaithe, tabharfaidh na Ballstáit léiriú ar dhul chun cinn, leis an bhfaisnéis is déanaí atá ar fáil. Tá táscairí maidir le tuairisciú le cinneadh ar bhonn spriocanna nó cuspóirí náisiúnta.

⁽⁵⁾ Déanfaidh na Ballstáit tagairt do bhonnbhliain agus do bhonnluach, má chabhraíonn sin chun dul chun cinn a léiriú.

Tábla 5

Dul chun cinn i dtreo cuspóirí náisiúnta a bhaineann le rannpháirtíocht neamh-idirdhealaitheach i margaí fuinnimh

Ainm na sprice/an chuspóra náisiúnta	Tuairisc	Iompróir fuinnimh ⁽¹⁾	Gnéithe den rannpháirtíocht neamh-idirdhealaitheach ar a dtugtar aghaidh ⁽²⁾	Spríoc ⁽³⁾	Spríocbhliain	Dul chun cinn i dtreo sprice/cuspóra ⁽⁴⁾
S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}
<i>Spríoc/cuspóir náisiúnta 1</i>						
<i>Spríoc/cuspóir náisiúnta 2</i>						
<i>Spríoc/cuspóir náisiúnta 3</i>						
<i>Cuir rónna breise leis, de réir mar is gá</i>						

- Nótaí:**
 S_{mi} = sainordaitheach más infheidhme
⁽¹⁾ Roghnóidh na Ballstáit ó na roghanna seo a leanas: leictreachas; gás nádúrtha; hidrigin.
⁽²⁾ Roghnóidh na Ballstáit ó na roghanna seo a leanas (is féidir níos mó ná rogha amháin a roghnú, is féidir roghanna breise a chur leis agus a shonrú faoi 'eile'): fuinneamh in-athnuaite; freagairt don éileamh; stóráil; eile.
⁽³⁾ Is féidir leis a bheith cainníochtúil nó cáilíochtúil
⁽⁴⁾ Le linn do na Ballstáit tuairisc a thabhairt ar dhul chun cinn, sonróidh siad dul chun cinn maidir le rannpháirtíocht neamh-idirdhealaitheach, agus na gnéithe seo a leanas, de réir mar is iomchuí, á gcur san áireamh. Is liosta neamh-uileghabhálach an liosta sin agus is féidir leis na Ballstáit é a chomhlánú:

Maidir le margaí: gnéithe amhail margaí cothromúcháin, margaí acmhainne (i gcás inarb infheidhme), margaí mórdhíola fuinnimh, margaí miondíola.
Maidir le teicneolaíochtaí: gnéithe amhail an fhreagairt don éileamh, stóráil fuinnimh, comhiomlánú, pobail fuinnimh saoránach/pobail fuinnimh in-athnuaite, táirgeoirí is tomhaltóirí.
Maidir le rannpháirtíocht: gnéithe amhail rannpháirtíocht margaidh, infhaighteacht taraife (lena n-áirítear pointí luchtála le haghaidh leictrea-shoghluaisteachta; agus stóráil fuinnimh e.g. muirearú dúbailte maidir le hinstealladh agus tarraingt siar a sheachaint), infhaighteacht conarthaí ar phragsanna dinimiciúla, rannpháirtíocht ilseirbhíse chomhuaineach/rannpháirtíocht iltáirgí chomhuaineach.

Tábla 6

Dul chun cinn i dtreo cuspóirí náisiúnta maidir le rannpháirtíocht tomhaltóirí sa chóras fuinnimh agus tairbhí a bhaintear as an bhféinghiniúint agus teicneolaíochtaí nua, lena n-áirítear méadair chliste

Ainm na sprice/an chuspóra náisiúnta	Tuairisc	Iompróir fuinnimh ⁽¹⁾	Gnéithe den rannpháirtíocht tomhaltóirí ar a dtugtar aghaidh ⁽²⁾	Sprioc ⁽³⁾	Spriocbhliain	Dul chun cinn i dtreo sprice/cuspóra	Táscairí ar dhul chun cinn (más infheidhme) ⁽⁴⁾			
							Ainm an táscaire chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn ⁽⁵⁾	Aonad	X-3	X-2
S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}
Sprioc/cuspóir náisiúnta 1										
Sprioc/cuspóir náisiúnta 2										
Sprioc/cuspóir náisiúnta 3										
Cuir rónna breise leis, de réir mar is gá										

Nodaireacht: X = bliain tuairiscithe; S_{mi} = sainordaitheach más infheidhme

Nótaí:

⁽¹⁾ Roghnóidh na Ballstáit ó na roghanna seo a leanas: leictreachas; gás nádúrtha; hidrigin.

⁽²⁾ Roghnóidh na Ballstáit ó na roghanna seo a leanas (is féidir níos mó ná rogha amháin a roghnú, is féidir roghanna breise a chur leis agus a shonrú faoi 'eile'): féinghiniúint; teicneolaíochtaí nua (lena n-áirítear méadair chliste); eile.

⁽³⁾ Is féidir leis a bheith cainníochtúil nó cáilíochtúil

⁽⁴⁾ Má tá an sprioc/cuspóir inchainníochtaithe, soláthróidh na Ballstáit léiriú ar dhul chun cinn, leis an bhfaisnéis is déanaí atá ar fáil. Tá táscairí maidir le tuairisciú le cinneadh ar bhonn spriocanna nó cuspóirí náisiúnta.

⁽⁵⁾ Déanfaidh na Ballstáit tagairt do bhonnbhliain agus do bhonnluach, má chabhraíonn sin chun dul chun cinn a léiriú.

Tábla 7

Dul chun cinn i dtreo cuspóirí náisiúnta a bhaineann le leordhóthanacht an chórais leictreachais

Ainm na sprice/an chuspóra náisiúnta	Tuairisc	Gnéithe ar a dtugtar aghaidh ⁽¹⁾	Sprioc ⁽²⁾	Spriobhliain	Dul chun cinn i dtreo sprice/cuspóra	Táscairí ar dhul chun cinn (más infheidhme) ⁽³⁾			
						Ainm an táscaire chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn ⁽⁴⁾	Aonad	X-3	X-2
S	S _{mi}	S	S	S	S	S _{mi}	S _{mi}	S _{mi}	S _{mi}
Sprioc/cuspóir náisiúnta 1									
Sprioc/cuspóir náisiúnta 2									
Sprioc/cuspóir náisiúnta 3									
Cuir rónna breise leis, de réir mar is gá									

Nodaireacht: X = bliain tuairiscithe; S = sainordaitheach; S_{mi} = sainordaitheach más infheidhme

Nótaí:

- ⁽¹⁾ Roghnóidh na Ballstáit rogha amháin nó níos mó ó na roghanna seo a leanas: solúbthacht an chórais fuinnimh – giniúint fuinnimh in-athnuaite; rolladh amach cúplála margaidh ionlae; rolladh amach margadí cothromúcháin leictreachais trasteorann; eile.
- ⁽²⁾ Is féidir leis a bheith cainníochtúil nó cáilíochtúil
- ⁽³⁾ Má tá an sprioc/cuspóir inchainníochtaithe, tá ar na Ballstáit léiriú ar dhul chun cinn a sholáthar, leis an bhfaisnéis is déanaí atá ar fáil. Tá táscairí maidir le tuairisciú le cinneadh ar bhonn spriocanna nó cuspóirí náisiúnta.
- ⁽⁴⁾ Déanfaidh na Ballstáit tagairt do bhonnbhliain agus do bhonnluach, má chabhraíonn sin chun dul chun cinn a léiriú.

IARSCRÍBHINN VII
TAIGHDE, NUÁLAÍOCHT AGUS IOMAÍOCHAS

Tábla 1

Dul chun cinn i dtreo cuspóirí náisiúnta lena n-aistrítear cuspóirí agus beartais Phlean SET go comhthéacs náisiúnta

Ainm na sprice/an chuspóra náisiúnta ⁽¹⁾	Tuairisc	Tosaíocht taighde agus nuálaíochta de chuid an Aontais Fuinnimh dá dtugtar tacaíocht ⁽²⁾	Teicneolaíochtaí fuinnimh ghlain/ ísealcharbóin dá dtugtar tacaíocht ⁽³⁾ ⁽⁴⁾	Dul chun cinn i dtreo sprice/cuspóra	Táscairí ar dhul chun cinn (más infheidhme)				Barúlacha Ginearálta
					Ainm an táscaire chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn	Luach an táscaire	Bliain tagartha	Aonad	
<i>S_{mi}</i>	<i>S_{mi}</i>	<i>S_{mi}</i>	<i>S_{mi}</i>	<i>S_{mi}</i>	<i>S_{mi}</i>	<i>S_{mi}</i>	<i>S_{mi}</i>	<i>S_{mi}</i>	D
<i>Spríoc/cuspóir náisiúnta 1</i>									
<i>Spríoc/cuspóir náisiúnta 2</i>									
<i>Cuir rónna breise leis, de réir mar is gá</i>									

Nótaí:

S_{mi} = sainordaitheach más infheidhme; D = deonach

⁽¹⁾ Tabharfaidh na Ballstáit tuairisc ar aon chuspóir náisiúnta a leagtar síos sa tír, lena dtugtar tacaíocht do chur chun feidhme agus d'aistriú Phlean SET.

⁽²⁾ Roghnóidh na Ballstáit tosaíocht amháin nó níos mó ón liosta a sholáthraítear sa leagan leictreonach den fhormáid tháblach.

⁽³⁾ Roghnóidh na Ballstáit teicneolaíocht amháin nó níos mó ón liosta a sholáthraítear sa leagan leictreonach den fhormáid tháblach.

⁽⁴⁾ Áirítear ar 'Teicneolaíochtaí fuinnimh ghlain agus ísealcharbóin' gach teicneolaíocht arna cumhdach faoi Phlean SET.

Tábla 2

Dul chun cinn i dtreo cuspóirí náisiúnta inchainníochtúla le haghaidh caiteachas iomlán poiblí agus, i gcás ina bhfuil fáil air, caiteachas iomlán príobháideach, ar thaighde agus ar nuálaíocht a bhaineann le teicneolaíochtaí fuinnimh ghlain agus le haghaidh costais teicneolaíochta agus forbairt feidhmíochta ⁽¹⁾

Ainm na sprice/an chuspóra náisiúnta	Aonad	Sonraíocht	Bliain		Spriocluach/ spriocbhliain	Barúlacha ginearálta
			X-3	X-2		
Caiteachas poiblí ar thaighde agus nuálaíocht						
Caiteachas poiblí bliantúil iomlán ar thaighde agus nuálaíocht i réimse na dteicneolaíochtaí fuinnimh ghlain agus ísealcharbóin	Milliún EUR	S _{mi}				
Caiteachas poiblí bliantúil iomlán ar thaighde agus nuálaíocht i réimse na dteicneolaíochtaí fuinnimh ghlain agus ísealcharbóin, mar sciar céatadán den chaiteachas poiblí foriomlán ar thaighde agus nuálaíocht	%	S _{mi}				
Caiteachas poiblí bliantúil iomlán ar thaighde agus nuálaíocht i réimse na dteicneolaíochtaí fuinnimh ghlain agus ísealcharbóin, mar sciar céatadán d'OTI bliantúil	%	S _{mi}				
Caiteachas príobháideach ar thaighde agus nuálaíocht						
Caiteachas príobháideach bliantúil iomlán ar thaighde agus nuálaíocht i réimse na dteicneolaíochtaí fuinnimh ghlain agus ísealcharbóin	Milliún EUR	D				
Caiteachas príobháideach bliantúil iomlán ar thaighde agus nuálaíocht i réimse na dteicneolaíochtaí fuinnimh ghlain agus ísealcharbóin, mar sciar céatadán den chaiteachas príobháideach foriomlán ar thaighde agus nuálaíocht	%	D				
Caiteachas príobháideach bliantúil iomlán ar thaighde agus nuálaíocht i réimse na dteicneolaíochtaí fuinnimh ghlain agus ísealcharbóin, mar sciar céatadán d'OTI bliantúil	%	D				
Cuspóirí agus spriocanna eile a leagtar síos ar bhonn náisiúnach						
Sprioc/cuspóir náisiúnta 1		S _{mi}				
Sprioc/cuspóir náisiúnta 2		S _{mi}				
Cuir rónna breise leis, de réir mar is gá		S _{mi}				

Nodaireacht: X = bliain tuairiscithe; S_{mi} = sainordaitheach más infheidhme; D = deonach

(¹) Áirítear ar 'Teicneolaíochtaí fuinnimh ghlain agus ísealcharbóin' gach teicneolaíocht arna cumhdach faoi Phlean SET.

Soláthróidh na Ballstáit cuspóirí náisiúnta le haghaidh caiteachas iomlán poiblí agus, i gcás ina bhfuil fáil air, caiteachas iomlán príobháideach, ar thaighde agus ar nuálaíocht a bhaineann le teicneolaíochtaí fuinnimh ghlain agus le haghaidh costais teicneolaíochta agus forbairt feidhmíochta. Tá ar na Ballstáit cuspóirí ar leithligh a áireamh de réir mar is gá, lena gcomhdaítear caiteachas poiblí agus príobháideach, cuspóirí atá dírithe ar an teicneolaíocht, forbairt feidhmíochta, etc.

Tábla 3

Dul chun cinn i dtreo cuspóirí náisiúnta neamh-inchainníochtúla le haghaidh caiteachas iomlán poiblí agus, i gcás ina bhfuil fáil air, caiteachas iomlán príobháideach, ar thaighde agus ar nuálaíocht a bhaineann le teicneolaíochtaí fuinnimh ghlain agus le haghaidh costais teicneolaíochta agus forbairt feidhmíochta ⁽¹⁾

Ainm na sprice/an chuspóra náisiúnta	Tuairisc	Tosaíocht taighde agus nuálaíochta de chuid an Aontais Fuinnimh dá dtugtar tacaíocht ⁽²⁾	Teicneolaíochtaí fuinnimh ghlain/isealcharbóin dá dtugtar tacaíocht ⁽³⁾	Dul chun cinn i dtreo sprice/cuspóra ⁽⁴⁾	Tionchair a mheastar a bheith ag an gcuspóir a leagtar síos ⁽⁵⁾
S_{mi}	S_{mi}	D	D	S_{mi}	S_{mi}
<i>Spríoc/cuspóir náisiúnta 1</i>					
<i>Spríoc/cuspóir náisiúnta 2</i>					
<i>Cuir rónna breise leis, de réir mar is gá</i>					

Nótaí:

S_{mi} = sainordaitheach más infheidhme; D = deonach

⁽¹⁾ Áirítear ar 'Teicneolaíochtaí fuinnimh ghlain agus isealcharbóin' gach teicneolaíocht arna cumhdach faoi Phlean SET.

Soláthroidh na Ballstáit cuspóirí náisiúnta le haghaidh caiteachas iomlán poiblí agus, i gcás ina bhfuil fáil air, caiteachas iomlán príobháideach, ar thaighde agus ar nuálaíocht a bhaineann le teicneolaíochtaí fuinnimh ghlain agus le haghaidh costais teicneolaíochta agus forbairt feidhmíochta. Tá ar na Ballstáit cuspóirí ar leithligh a áireamh de réir mar is gá, lena gcumhdaítear caiteachas poiblí agus príobháideach, cuspóirí atá dírithe ar an teicneolaíocht, forbairt feidhmíochta, etc.

⁽²⁾ Féadfaidh na Ballstáit tosaíocht amháin nó níos mó a roghnú ón liosta a sholáthraítear sa leagan leictreonach den fhormáid tháblach.

⁽³⁾ Féadfaidh na Ballstáit teicneolaíocht amháin nó níos mó a roghnú ón liosta a sholáthraítear sa leagan leictreonach den fhormáid tháblach.

⁽⁴⁾ Tabharfaidh na Ballstáit nuashonrú maidir leis an dul chun cinn a rinneadh go dtí an staid atá ann faoi láthair. Má leagadh síos spriocanna, ba cheart forbheathnú ar na príomhghníomhaíochtaí agus na garspriocanna a baineadh amach a thabhairt. Mura leagadh síos spriocanna, ba cheart nuashonrú a thabhairt maidir le cé acu ar leagadh síos spriocanna ó shin nó nár leagadh agus ba cheart tuairisc a thabhairt ar na spriocanna.

⁽⁵⁾ Tabharfaidh na Ballstáit tuairisc ar na tionchair a mheastar a bheidh ag na cuspóirí a leagtar síos, agus a dtráthchlár.

Tábla 4

Dul chun cinn i dtreo cuspóirí náisiúnta lena n-áirítear spriocanna fadtéarmacha do 2050 chun leas a bhaint as teicneolaíochtaí chun dícharbónú a dhéanamh ar earnálacha tionsclaíocha a ídionn mórchuid fuinnimh agus a bhfuil lorg mór carbóin acu agus, i gcás inarb infheidhme, le haghaidh bonnagar gaolmhar um iompar, úsáid agus stóráil carbóin ⁽¹⁾

Ainm na sprice/an chuspóra náisiúnta	Tuairisc	Dul chun cinn i dtreo sprice/cuspóra	Táscairí ar dhul chun cinn (más infheidhme)				Barúlacha Ginearálta
			Ainm an táscaire chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn	Luach an táscaire	Bliain tagartha	Aonad	
S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	D
<i>Spríoc/cuspóir náisiúnta 1</i>							
<i>Spríoc/cuspóir náisiúnta 2</i>							

Cuir rónna breise leis, de réir mar is gá							
---	--	--	--	--	--	--	--

Nótaí:

S_{mi} = sainordaitheach más infheidhme; D = deonach

(1) Tabharfaidh an Ballstát tuairisc ar aon phlean fadtéarmach atá ann maidir le bearta dícharbónaithe san earnáil tionsclaíochta. Ba cheart gnéithe amhail éifeachtúlacht fuinnimh, gabháil agus stóráil carbóin, leictiríú agus aon teicneolaíocht eile a rannchuideoidh i dtreo dícharbónú a chur san áireamh. Ba cheart garspriocanna, cuspóirí, agus tráthchlár a thabhairt, chomh maith le léiriú maidir leis na teicneolaíochtaí a mheastar agus maidir leis an úsáid a mheasfar a bhainfeadh astu.

Tábla 5

Dul chun cinn i dtreo cuspóirí náisiúnta a bhaineann le hiomaíochas

Ainm na sprice/an chuspóra náisiúnta	Tuairisc	Dul chun cinn i dtreo sprice/cuspóra	Táscairí ar dhul chun cinn (más infheidhme)				Barúlacha Ginearálta
			Ainm an táscaire chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn	Luach an táscaire	Bliain tagartha	Aonad	
S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	D
<i>Spríoc/cuspóir náisiúnta 1</i>							
<i>Spríoc/cuspóir náisiúnta 2</i>							
Cuir rónna breise leis, de réir mar is gá							

Nótaí:

S_{mi} = sainordaitheach más infheidhme; D = deonach

(1) Tabharfaidh na Ballstáit tuairisc maidir le haon sprioc nó cuspóir i réimse an iomaíochais. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí ann cuspóirí maidir leis na nithe seo a leanas:

- Paitinní agus foilseacháin taighde
- Gnéithe slabhra luacha amhail garspriocanna agus spriocanna i réimse poist nua, gnólachtaí nuathionscanta agus fás in earnálacha fuinnimh sonracha.
- An margadh domhanda nó an margadh intíre, amhail dul i bhfód teicneolaíochtaí agus méideanna trádála sa mhargadh idirnáisiúnta/náisiúnta (athrú ar allmhairí agus/nó onnmhairí) ar scála na hEorpa agus an domhain.

Tábla 1

Dul chun cinn i dtreo cuspóirí náisiúnta maidir le deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais fuinnimh, go háirithe maidir le breoslaí iontaise ⁽¹⁾

Cuspóirí náisiúnta nó pleananna a leagtar amach maidir le deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais fuinnimh, go háirithe maidir le breoslaí iontaise	Tuairisc	Spriobhliain ⁽²⁾	Garspriocanna ⁽³⁾	Dul chun cinn i dtreo sprice/cuspóra ⁽⁴⁾	Céimeanna chun a áirithiú nach gcuirtear isteach ar iarrachtaí chun bochtaineacht fuinnimh a laghdú leis an deireadh a chuirfead de réir a chéile le fóirdheontais fuinnimh ⁽⁵⁾	Barúlacha ginearálta
S	S _{mi}	S _{mi}	S _{mi}	S _{mi}	S _{mi}	D
Cuspóir/plean náisiúnta 1						
Cuspóir/plean náisiúnta 2						
Cuspóir/plean náisiúnta 3						
Cuir rónna breise leis, de réir mar is gá						

Nótaí:

S = sainordaitheach; S_{mi} = sainordaitheach más infheidhme; D = deonach

⁽¹⁾ Tuairisceoidh na Ballstáit aon chuspóir chun deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais breoslaí iontaise agus aon chuspóir chun deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais fuinnimh eile. Ba cheart do na Ballstáit a léiriú sa cholún tuairisce an leagtar síos an cuspóir sa reachtaíocht agus, más infheidhme, tagairt don reachtaíocht ábhartha a thabhairt.

Mura leagtar síos aon chuspóir chun deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais fuinnimh, tuairisceoidh na Ballstáit aon phlean chun gealltanais a dhéanamh deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais fuinnimh nó cuspóir chun deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais fuinnimh a leagan síos. Áireoidh na Ballstáit sa cholún tuairisce tuairisc ghairid ar na pleananna sin, agus soiléireoidh siad cathain a mheastar go mbeidh éifeacht leis an gealltanais sin.

⁽²⁾ Tabharfaidh na Ballstáit spriobhliain inar cheart an cuspóir a bhaint amach.

⁽³⁾ Sonróidh na Ballstáit aon gharsprios chainníochtúil. Mar shampla, deireadh 50 % faoi 2024, deireadh 100 % faoi 2026.

⁽⁴⁾ Tabharfaidh na Ballstáit tuairisc maidir leis an dul chun cinn a dhéantar i dtreo an cuspóir agus na garspriocanna a bhaint amach, más ábhartha.

⁽⁵⁾ Tabharfaidh na Ballstáit tuairisc maidir le haon chéim a dhéantar chun a áirithiú nach ndéantar difear d'iarrachtaí bochtaineacht fuinnimh a laghdú leis an deireadh a chuirfead de réir a chéile le fóirdheontais. Tabharfaidh na Ballstáit tuairisc maidir le cé acu a forbraíodh nó nár forbraíodh meastacháin ar thionchair eacnamaíocha nó eile ar theaghlaigh fhuinneamhbhochtacha a bhaineann le deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais breoslaí iontaise, cad iad na beartais nó na bearta atá i bhfeidhm nó atá beartaithe chun na tionchair sin a laghdú (mar shampla tacaíocht d'athchóirithe fuinnimh baile agus teicneolaíocht ard-éifeachtúlachta fuinnimh, amhail teaschaidéil leictreacha agus insliú tí).

IARSCRÍBHINN IX

DUL CHUN CINN A RINNEADH I DTREO BEARTAIS AGUS BEARTA NÁISIÚNTA A CHUR CHUN FEIDHME

Tábla 1

Príomhghnéithe agus dul chun cinn i dtreo beartais agus bearta a chur chun feidhme

Uimhir Bheartais agus Bhirt	Uimhir Bheartais agus Bhirt sa Phlean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide, más uimhir éagsúil é	Ainm an bheartais nó an bhirt	Beartas nó beart aonair nó grúpáilte	I gcás beartas nó beart grúpáilte, cad iad na beartais nó na bearta aonair a chumhdaítear leis	Cuspóirí, spriocanna nó rannchuidithe ábhartha a gcuirtear an beartas nó an beart leis (1)	Cumhdach geografach (2)	Na hearnálacha a ndéantar difear dóibh (3)	Cuspóir (4)	Cuspóir cainníochtaithe (5)	Tuairisc ghairid
S	S _{mi}	S	S	S	S	S	S	S	S _{mi}	S
<i>Uimhir Bheartais agus Bhirt 1</i>										
<i>Uimhir Bheartais agus Bhirt 2</i>										
<i>Cuir rónna breise leis, de réir mar is gá</i>										

Nótaí:

S = sainordaitheach; S_{mi} = sainordaitheach más infheidhme

- (¹) Roghnóidh na Ballstáit ó na cuspóirí, spriocanna agus rannchuidithe seo a leanas sa phlean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide (is féidir níos mó na cuspóir, sprioc nó rannchuidiú amháin a roghnú):
Sa ghné **Dícharbónú: Astaíochtaí agus aistriú GCT** – sprioc cheangailteach náisiúnta an Bhallstáit maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus na teorainneacha ceangailteacha bliantúla náisiúnta de bhun Rialachán (AE) 2018/842; Gealltanais na mBallstát de bhun Rialachán (AE) 2018/841; Cuspóirí agus spriocanna eile, lena n-áirítear spriocanna earnála agus spriocanna oiriúnaithe.
Sa ghné **Dícharbónú: Fuinneamh in-athnuaite** - Rannchuidiú le sprioc cheangailteach an Aontais 32 % fuinneamh in-athnuaite ar a laghad a bheith ann in 2030 dá dtagraítear in Airteagal 3 de Threoir (AE) 2018/2001; Conairí measta don sciar earnálach den fhuinneamh in-athnuaite san ídiú fuinnimh deiridh ó 2021 go 2030 in earnálacha an leictreachais, an téimh agus an fhuaraithe, agus an iompair; Conairí measta de réir na teicneolaíochta fuinnimh in-athnuaite; Na conairí measta maidir le héileamh ar bhithfhuinneamh, á ndí-chomhiomlánú idir teas, leictreachas agus iompar, agus maidir le soláthar bithmhaise, de réir amháibhair agus tionscnaimh; Conairí agus cuspóirí náisiúnta eile lena n-áirítear cinn fhadtéarmacha agus earnálacha (e.g. sciar fuinnimh in-athnuaite i dtéamh ceantair, úsáid fuinnimh in-athnuaite i bhfoirgnimh, fuinneamh in-athnuaite arna tháirgeadh ag cathracha, pobail fuinnimh in-athnuaite agus féin-tomhaltóirí fuinnimh in-athnuaite, fuinneamh arna athshlánú ón sloda a fhaightear trí chóireáil fuíolluisce).
Sa ghné **Éifeachtúlacht fuinnimh** - An rannchuidiú tásach náisiúnta maidir le héifeachtúlacht fuinnimh chun spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh an Aontais 32,5 % ar a laghad a bhaint amach in 2030 dá dtagraítear in Airteagal 1(1) agus Airteagal 3(5) de Threoir 2012/27/AE; Méid carnach an choigiltis fuinnimh úsáide deiridh atá le baint amach sa tréimhse 2021-2030 faoi phointe (b) d'Airteagal 7(1) maidir leis na hoibleagáidí coigilte fuinnimh de bhun Threoir 2012/27/AE; Garspriocanna tásacha na straitéise fadtéarmaí um athchóiriú an stoic náisiúnta foirgneamh cónaithe agus neamhchónaithe; An t-achar urláir iomlán atá le hathchóiriú nó coigilteas fuinnimh bliantúil coibhéiseach atá le baint amach ó 2021 go 2030 faoi Airteagal 5 de Threoir 2012/27/AE maidir le ról eiseamláireach fhoirgnimh na gcomhlachtaí poiblí; Cuspóirí náisiúnta eile, lena n-áirítear spriocanna fadtéarmacha nó straitéisí agus spriocanna earnálacha, agus cuspóirí náisiúnta i réimsí amhail éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil iompair agus maidir le téamh agus fuarú.
Sa ghné **Slándáil Fuinnimh** - Cuspóirí náisiúnta maidir le méadú a dhéanamh ar éagsúlú foinsí fuinnimh agus ar sholáthar ó thríú tíortha, a d'fhéadfadh a bheith chun críche laghdú a dhéanamh ar spleáchas ar allmhairiú fuinnimh; Cuspóirí náisiúnta maidir le spleáchas ar allmhairiú fuinnimh ó thríú tíortha a laghdú, chun athléimneacht córas réigiúnach agus náisiúnta fuinnimh a mhéadú; Cuspóirí náisiúnta maidir le solúbthacht an chórais náisiúnta fuinnimh a mhéadú, go háirithe trí fhoinsí fuinnimh intíre, freagairt ar éileamh agus stóráil fuinnimh a úsáid; Cuspóirí náisiúnta maidir le haghaidh a thabhairt ar sholáthar srianta nó briste foinsé fuinnimh, chun athléimneacht córais réigiúnacha agus náisiúnta fuinnimh a fheabhsú.
Sa ghné **Margadh inmheánach fuinnimh** - An leibhéal idirnasachta leictreachais arb é is aidhm don Bhallstát a bhaint amach faoi 2030 i bhfianaise na sprice idirnasachta leictreachais do 2030 de 15 % ar a laghad; Príomhthionscadail bonneagair tarchurtha leictreachais agus gáis, agus, i gcás inarb ábhartha, tionscadail nuachóirithe, a bhfuil gá leo chun cuspóirí agus spriocanna faoi na cúig ghné den Aontas Fuinnimh a bhaint amach; Na príomhthionscadail bonneagair atá beartaithe seachas Tionscadail Leasa Choitinn; Cuspóirí náisiúnta a bhaineann le gnéithe eile den mhargadh inmheánach fuinnimh, amhail solúbthacht an chórais a mhéadú, go háirithe maidir le praghsanna leictreachais a chinntear go hiomaíoch a chur chun cinn i gcomhréir leis an dlí earnálach ábhartha, comhtháthú margaidh agus cúpláil mhargaidh, lena n-áirítear ar acmhainn intrádála na n-idirnascairí atá ann cheana, eangacha cliste, comhiomlánú, freagairt don éileamh, stóráil, giniúint dáilte, sásraí maidir le seoladh, athsheoladh agus ciorrú agus comharthaí fíor-ama praghsála a mhéadú; Cuspóirí náisiúnta a bhaineann le rannpháirtíocht neamh-idirdhealaitheach an fhuinnimh in-athnuaite, na freagartha don éileamh agus na stórála, lena n-áirítear trí chomhiomlánú, i ngach margadh fuinnimh; Cuspóirí náisiúnta maidir lena áirithiú go mbeidh tomhaltóirí rannpháirteach sa chóras fuinnimh agus go dtairbheoidh siad d'fhéinghiniúint agus teicneolaíochtaí nua, lena n-áirítear méadair chliste; Cuspóirí náisiúnta maidir le leordhóthanacht an chórais leictreachais a áirithiú, agus le haghaidh solúbthacht an chórais fuinnimh maidir le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite; Cuspóirí náisiúnta chun tomhaltóirí fuinnimh a chosaint, agus iomaíochas na hearnála fuinnimh miondíola a fheabhsú; cuspóirí náisiúnta maidir le bochtaineacht fuinnimh.
Sa ghné **Taighde, nuálaíocht agus iomaíochas** - Cuspóirí náisiúnta agus spriocanna cistiúcháin le haghaidh taighde poiblí agus, i gcás ina bhfuil fáil air, taighde príobháideach agus nuálaíocht a bhaineann leis an Aontas Fuinnimh; Cuspóirí náisiúnta do 2050 a bhaineann le teicneolaíochtaí fuinnimh ghlain a chur chun cinn agus, i gcás inarb iomchuí, cuspóirí náisiúnta lena n-áirítear spriocanna fadtéarmacha (2050) chun leas a bhaint as teicneolaíochtaí ísealcharbóin chun dícharbónú a dhéanamh ar earnálacha tionsclaíocha a ídionn mórchuid fuinnimh agus a bhfuil lorg mór carbóin acu agus, i gcás inarb infheidhme, le haghaidh bonneagar gaolmhar um iompar, úsáid agus stóráil carbóin; spriocanna náisiúnta maidir le hiomaíochas.
- (²) Roghnóidh na Ballstáit ó na catagóirí seo a leanas: lena gcuimhítear dhá thír nó níos mó, náisiúnta, réigiúnach, áitiúil.
- (³) Roghnóidh na Ballstáit ó na hearnálacha seo a leanas (is féidir níos mó ná earnáil amháin a roghnú le haghaidh beartais agus beart trasearnála): soláthar fuinnimh (lena gcuimsítear eastóscadh, tarchur, dáileadh agus stóráil breoslaí chomh maith le claochlú fuinnimh maidir le téamh agus fuarú agus giniúint leictreachais); ídiú fuinnimh (lena gcuimsítear ídiú breoslaí agus leictreachais ag úsáideoirí deiridh amhail teaghligh, riarachán poiblí; seirbhísí, an tionsclaíocht agus talmhaíocht); iompar; próisis thionsclaíocha (lena gcuimsítear gníomhaíochtaí tionsclaíocha a athraíonn ábhair go ceimiceach nó go fisiceach arb é is toradh orthu astaíochtaí gás ceaptha teasa, úsáid gás ceaptha teasa agus úsáidí neamhfhuinnimh carbón breosla iontaise); talmhaíocht; LULUCF; bainistíú dramhaíola/dramhaíl; earnálacha eile.

(⁴) Ciallaíonn cuspóir ‘ráiteas tosaigh na dtorthaí (lena n-áirítear torthaí agus tionchair) atá beartaithe a bhaint amach leis an idirghabháil’. Roghnóidh na Ballstáit ó na roghanna seo a leanas (is féidir níos mó ná cuspóir amháin a roghnú, is féidir cuspóirí breise a chur leis agus a shonrú faoi ‘eile’):

Maidir le **‘soláthar fuinnimh’** — méadú ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite san earnáil leictreachais; méadú ar fhuinneamh in-athnuaite san earnáil téimh agus fuaraithe; athrú go breoslaí nach bhfuil chomh dian ar charbón; giniúint neamh-inathnuaite ísealcharbóin fheabhsaithe (núicléach); cailteanais a laghdú; feabhsú éifeachtúlachta san earnáil fuinnimh agus san earnáil trasfhoirmithe; gabháil agus stóráil carbóin nó gabháil agus úsáid carbóin; astaíochtaí éalaitheacha ó tháirgeadh fuinnimh a rialú; líon na bhfoinsí a úsáidtear i nginiúint fuinnimh phríomhúil a mhéadú; spleáchas fuinnimh ó thríú tíortha a laghdú; athléimneacht bonneagair an tsoláthair fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear soláthar fuinnimh a áirithiú i gcás suaití móra ar an líonra; acmhainneacht an líonra fuinnimh a mhéadú chun sciar méadaithe táirgthe in-athnuaite a sheasamh; idirnasacht leictreachais a mhéadú; cóineasú praghsála margai leictreachais a mhéadú; rannpháirtíocht tomhaltóirí i margai fuinnimh a mhéadú; solúbthacht agus leordhóthanacht an chórais leictreachais a mhéadú; taighde agus nuálaíocht maidir le soláthar fuinnimh; soláthar fuinnimh eile.

Maidir le **‘ídiú fuinnimh’** — feabhsuithe éifeachtúlachta foirgneamh; feabhsú éifeachtúlachta fearas; feabhsú éifeachtúlachta san earnáil seirbhísí/threasach; feabhsú éifeachtúlachta sna hearnálacha úsáide deiridh tionsclaíche; bainistiú/laghdú éilimh; taighde agus nuálaíocht i dteicneolaíochtaí, próisis agus ábhair, a rannchuideoidh leis an ídiú fuinnimh a laghdú; ídiú fuinnimh eile.

Maidir le **‘iompar’** — feabhsuithe éifeachtúlachta feithiclí; aistriú módach chuig an iompar poiblí nó iompar gan inneall; breoslaí ísealcharbóin; iompar leictreach de bhóthar; bainistiú/laghdú éilimh; iompraíocht fheabhsaithe; bonneagar iompair feabhsaithe; astaíochtaí ó aeríompar idirnáisiúnta nó iompar muiri a laghdú; taighde agus nuálaíocht chun astaíochtaí ón earnáil iompair a laghdú; nuálaíocht i ndigitiú iompair; iompar eile.

Maidir le **‘próisis thionsclaíocha’** — teicneolaíochtaí laghdaithe a shuiteáil; rialú feabhsaithe ar astaíochtaí éalaitheacha ó phróisis thionsclaíocha; rialú feabhsaithe ar astaíochtaí monaraíochta, astaíochtaí éalaitheacha agus astaíochtaí diúscartha gás fluairínithe; gás a bhfuil acmhainneacht téite domhanda níos ísle acu a chur in ionad gáis fhluairínithe; taighde agus nuálaíocht maidir le déine fuinnimh thionsclaíocht an Aontais a laghdú; próisis thionsclaíocha eile.

Maidir le **‘bainistiú dramhaíola/dramhaíl’** – bainistiú/laghdú éilimh; athchúrsáil fheabhsaithe; bailiú feabhsaithe meatáin agus úsáid fheabhsaithe meatáin; teicneolaíochtaí cóireála feabhsaithe; bainistiú feabhsaithe líonta talún; loscadh dramhaíola le húsáid fuinnimh; córais fheabhsaithe bainistíochta fuíolluisce; líonadh talún laghdaithe; dramhaíl eile.

Maidir le **‘talmhaíocht’** — úsáid leasacháin/aoiligh ar thalamh curaíochta a laghdú; gníomhaíochtaí eile lena bhfeabhsaítear bainistiú tailte curaíochta; bainistíocht fheabhsaithe beostoic; córais fheabhsaithe bainistíochta dramhaíola ainmhithe; gníomhaíochtaí lena bhfeabhsaítear bainistíocht féaraigh nó féarthalún; bainistíocht fheabhsaithe ithreacha orgánacha; talmhaíocht eile.

Maidir le **‘LULUCF’** — foraoisiú agus athfhoraoisiú; an carbón sna foraoiseacha atá ann cheana a chaomhnú; feabhas a chur ar an táirgeacht sna foraoiseacha atá ann cheana; linn na dtáirgí adhmaid lománaithe a mhéadú; bainistíocht fheabhsaithe foraoisí; dífhoraoisiú a chosc; cosaint a threisiú in aghaidh suaiththeadh nádúrtha; bunábhair agus ábhair atá dian ó thaobh astaíochtaí GCT a ionadú le táirgí adhmaid lománaithe; draenáil bogach a chosc nó iad a athfhliuchadh; tailte díghráidithe a athchóiriú; LULUCF eile.

Maidir le **‘Eile’** — tabharfaidh na Ballstáit tuairisc ghairid ar an cuspóir.

(⁵) Áireoidh na Ballstáit, ar a laghad, i gcás ina ndéantar na cuspóirí a chainníochtú, na figiúirí, na haonaid, an bhliain deiridh agus an bhonnbhliain. Ba cheart na cuspóirí cainníochtaithe a bheith sonrath, intomhaiste, indéanta, réalaíoch agus faoi cheangal ama.

	Measúnú ar rannchuidiú an bheartais nó an bhirt maidir le baint amach chuspóir aeráidneodrachta an Aontais a leagtar amach in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2021/1119 agus le baint amach na straitéise fadtéarmaí dá dtagraítear in Airteagal 15 de Rialachán 2018/1999	An cineál ionstraime beartais ⁽⁶⁾	Beartais an Aontais a raibh cur chun feidhme an bheartais agus an bhirt mar thoradh orthu			Stádas cur chun feidhme ⁽⁹⁾	Tréimhse cur chun feidhme		Eintitis atá freagrach as an mbeartas a chur chun feidhme ⁽¹⁰⁾		Táscairí a úsáidtear chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn thar am ⁽¹¹⁾		
			Beartas an Aontais ⁽⁷⁾	Eile	Foráil ábhartha ⁽⁸⁾		Tús	Críoch	Cineál	Ainm	Tuairisc	Bliain	Luach
S	S	S	S _{mi}			S	S	S _{mi}	S		S _{mi}		
<i>Uimhir Bheartais agus Bhirt 1</i>													
<i>Uimhir Bheartais agus Bhirt 2</i>													
<i>Cuir rónna breise leis, de réir mar is gá</i>													

Nótaí (ar lean):

⁽⁶⁾ Roghnóidh na Ballstáit ó na catagóirí seo a leanas: eacnamaíoch; fíoscach; comhaontaithe deonacha/arna gcaibidlíú; rialaitheach; faisnéis; oideachas; taighde; pleanáil; eile.

⁽⁷⁾ Ná liostaigh anseo ach beartais an Aontais a chuirtear chun feidhme tríd an mbeartas náisiúnta nó i gcás ina ndírítear beartais náisiúnta go díreach ar chuspóirí beartais an Aontais a bhaint amach. Roghnóidh an Ballstát beartas/beartais ó liosta a sholáthraítear sa leagan leictreonach den fhormáid tháblach, nó roghnóidh siad 'eile' agus sonrúidh siad ainm an bheartais de chuid an Aontais.

⁽⁸⁾ Tabharfaidh na Ballstáit tuairisc ar na beartais agus ar na bearta nó na grúpaí beartas nó beart a rannchuideoidh leis na gnéithe **'Dícharbónú'**: **'Fuinneamh in-athnuaite'** agus **'Éifeachtúlacht fuinnimh'**. Roghnóidh an Ballstát foráil ábhartha ó liosta a sholáthraítear sa leagan leictreonach den fhormáid tháblach, nó roghnóidh siad eile agus sonrúidh siad ainm na forála.

⁽⁹⁾ Roghnóidh na Ballstáit ó na catagóirí seo a leanas: beartaithe; glactha; curtha chun feidhme; dulta in éag.

⁽¹⁰⁾ Roghnóidh na Ballstáit ó na roghanna seo a leanas agus cuirfidh siad isteach ainmneacha na n-eintiteas atá freagrach as an mbeartas nó as an mbeart a chur chun feidhme (is féidir níos mó ná eintiteas amháin a roghnú): rialtas náisiúnta; eintitis réigiúnacha; rialtas áitiúil; cuideachtaí/gnólachtaí/comhlachais tionsclaíochta; institiúidí taighde; eintitis eile nach liostaítear.

⁽¹¹⁾ Tabharfaidh na Ballstáit aon táscaire (lena n-áirítear an t-aonad) agus luachanna le haghaidh na dtáscairí sin a úsáidfear (*ex-ante*) chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn a dhéantar maidir leis an mbeartas agus an bhirt. Sonróidh na Ballstáit an bhliain nó na blianta a bhfuil feidhm ag an luach ina leith. Is féidir luachanna maidir le táscairí agus blianta éagsúla a thuairisciú. Beidh táscairí feidhmíochta arna sainathint ag na Ballstáit ábhartha, glactha, inchreidte, éasca agus láidir.

Nuashonrú ó bhí an tíolacadh is déanaí ann ⁽¹²⁾	Mínte ar an nuashonrú nó an nasc chuig an doiciméad breise	Dul chun cinn i gcomparáid le cuspóir an bheartais ⁽¹³⁾	Dul chun cinn i gcomparáid le táscairí an bheartais ⁽¹⁴⁾				Tagairt do mheasúnuithe agus tuarascálacha teicniúla a atá mar bhonn agus mar thaca acu	Barúlacha Ginearálta
			Táscaire	Luach	Bliain	Aonad		
S	S _{mi}	S	S _{mi}				S	S

Nótaí (ar lean):

⁽¹²⁾ Roghnóidh na Ballstáit ó na cuspóirí seo a leanas (is féidir roghanna breise a chur leis agus a shonrú faoi 'eile): Beart nua a ghlacadh, comhaontú a thabhairt i gcrích, foilsiú reachtaíochta; Tús/forfheidhmiú birt/cláir; Díothú/foirceannadh/cur i gcrích birt; Leasuithe, athruithe cur chun feidhme nó deartha agus síneadh birt leanúnaigh; Faisnéis maidir le faireachán, nuashonrú ar dhul chun cinn nó torthaí measúnaithe tionchair; Leanúint de bhearta atá ann cheana/gan nuashonrú mór; Dréachtaí, fógraí, gealltanais, bearta atá beartaithe, pléití maidir le beart nua; Eile.

⁽¹³⁾ Tabharfaidh na Ballstáit tuairisc cháilíochtúil maidir leis an dul chun cinn a rinneadh i dtaobh chuspóir an bheartais.

⁽¹⁴⁾ Tabharfaidh na Ballstáit na táscairí (lena n-áirítear an t-aonad) agus luachanna le haghaidh na dtáscairí sin a úsáideadh (*ex-post*) chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn beartas agus beart. Sonróidh na Ballstáit an bhliain nó na blianta a bhfuil feidhm ag an luach ina leith. Is féidir luachanna maidir le táscairí agus blianta éagsúla a thuirisciú. Beidh táscairí feidhmíochta arna sainaitheint ag na Ballstáit ábhartha, glactha, inchreidte, éasca agus láidir.

Tuairisciú sonrath ar na gnéithe

Na veicteoirí a ndéantar difear dóibh ⁽¹⁵⁾	Tosaíocht taighde agus nuálaíochta an Aontais Fuinnimh dá dtugtar tacaíocht ⁽¹⁶⁾	Teicneolaíochtaí fuinnimh ghlain/ísealcharbóin dá dtugtar tacaíocht ⁽¹⁷⁾	Na hearnálacha dá dtugtar tacaíocht ⁽¹⁸⁾
S _{mi}	S	S	S _{mi}

Nótaí (ar lean):

⁽¹⁵⁾ Tabharfaidh na Ballstáit tuairisc ar na beartais agus bearta nó na grúpaí beartas nó beart a rannchuideoidh leis an ngné '**Slándáil fuinnimh**'. Roghnóidh na Ballstáit ó na veicteoirí seo a leanas (is féidir níos mó ná veicteoir amháin a roghnú; is féidir veicteoirí breise a chur leis agus a shonrú faoi 'Breoslaí eile'): Córas iomlán; Leictreachas; Gás; Táirgí peitiriliam; Núicléach; Teas; Breoslaí eile.

⁽¹⁶⁾ Tabharfaidh na Ballstáit tuairisc ar na beartais agus bearta nó na grúpaí beartas nó beart a rannchuideoidh leis an ngné '**Taighde, nuálaíocht agus iomaíochas**'. Roghnóidh na Ballstáit tosaíocht amháin nó níos mó ó liosta a sholáthraítear sa leagan leictreonach den fhormáid tháblach.

⁽¹⁷⁾ Tabharfaidh na Ballstáit tuairisc ar na beartais agus bearta nó na grúpaí beartas nó beart a rannchuideoidh leis an ngné '**Taighde, nuálaíocht agus iomaíochas**'. Áirítear ar 'Teicneolaíochtaí fuinnimh ghlain agus ísealcharbóin' gach teicneolaíocht arna cumhdach faoi Phlean SET. Roghnóidh na Ballstáit teicneolaíocht amháin nó níos mó ó liosta a sholáthraítear sa leagan leictreonach den fhormáid tháblach.

